

It is very rare for a major new concept to appear in the social sciences. Translanguaging is an exception. Translanguaging has become an exciting new major concept as this book amply demonstrates and in itself expands this multidisciplinary concept in important ways.

*Professor Colin Baker*

# Trasteangú sa seomra ranga

Treoir mhearthagartha d'oidoírí



## Údair

Enlli Môn Thomas, Cadi Gwen Siôn, Bryn Jones, Siân Lloyd-Williams, Morgan Dafydd, Rhian Tomos, Lowri Mair Jones, Delyth Jones, Gwawr Maelor, Rhodri Evans agus Gareth Caulfield.

### Leagan Gaeilge

Claire M. Dunne

## Aitheantais

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Rialtas na Breataine Bige as an obair seo a mhaoiniú mar chuid de ghníomhaíochtaí um Líonra Comhoibríoch Fianaise na Breataine agus an Dátheangachais. Is é sin ceann de thionscadail atá déanta ag an Líonra Comhoibríoch Fianaise maidir le COVID (CEN), tionscadal ina ndéantar iniúchadh ar fhreagraí ar chur isteach COVID ar ghnéithe den chóras oideachais agus ar ghrúpaí áirithe foghlaimeoirí.

Gabhaimid buíochas leis na scoileanna agus na hoideoírí go léir as an obair luachmhar a rinne siad.

Gabhaimid buíochas ar leith leis an Dr Cen Williams as a thacaíocht dhílis don obair agus as a thoilteanas acmhainní agus a shaineolas a roinnt.

Gabhaimid buíochas leis an Dr Sylvaine Ní Aogáin a rinne profléitheoireacht ar an leagan Gaeilge den leabhar agus a thug comhairle luachmhar ina thaobh.



Ariennir gan  
Lywodraeth Cymru  
Funded by  
Welsh Government

D'fhoilsigh Rialtas na Breataine Bige an leabhar seo den chéad uair in 2022

### Conas tagairt a dhéanamh don leabhar:

Thomas, E. M., Siôn, C. G., Jones, B., Dafydd, M., Lloyd-Williams, S. W., Tomos, Rh., Lowri Jones, L. M., Jones, D., Maelor, G., Evans, Rh. a Caulfield, G. (2022). Translanguaging: A quick reference guide for educators. [Trasteangú: Treoir mhearthagartha d'oidoírí]. (C. M. Dunne. Aist.). Sraith Náisiúnta Acmhainní Comhoibríocha: Aberystwyth University agus Bangor University.

Uimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta Leabhar /ISBN: XXX-XXX

An chéad eagrán

© Enlli Môn Thomas, Cadi Gwen Siôn, Bryn Jones, Siân Lloyd-Williams, Morgan Dafydd, Rhian Tomos, Lowri Mair Jones, Delyth Jones, Gwawr Maelor, Rhodri Evans, agus Gareth Caulfield, 2022

# Clár Ábhar

Réamhrá leis an leabhar seo	4.
Brollach	6.
Réamhrá don leagan Gaeilge	8.
Sainmhíithe	9.
Aistriú scileanna teanga	10.
<b>Cad is trasteangú ann?</b>	<b>14.</b>
Gnéithe an trasteangaithe	15.
Cén difríocht atá idir trasteangú agus aistriúchán?	18.
Trasteangú a shainiú	25.
Forbairt an téarma 'trasteangú'	28.
<b>Cén fáth a ndéantar trasteangú?</b>	<b>34.</b>
Trasteangú agus Curaclam na Breataine Bige	36.
Treisiónn teanga amháin teanga eile	37.
Trasteangú agus Scafláil	39.
Trasteangú agus solúbthacht chognaíoch	41.
<b>Conas trasteangú a dhéanamh</b>	<b>44.</b>
Samhlacha éagsúla an trasteangaithe	45.
<b>Léitheoireacht Mholta</b>	<b>51.</b>
<b>Saothair a Ceadaíodh</b>	<b>52.</b>



# Réamhrá leis an leabhar seo



...le go mbeidh siad chomh éifeachtach agus is féidir, ní mór do mhúinteoirí agus d'oidoirí múinteoirí bheith páirteach i dtaighde agus i bhfiosrú – ciallaíonn sé sin coinneáil suas leis na forbairtí is déanaí ina n-ábhair acadúla agus leis na forbairtí i ndisciplín an oideachais

**BERA/RSA, 2014**

...ní mór do chlár oiliúna múinteoirí teoriciú nua an ilteangachais lena dtugtar luach do chleachtais teanga na scoláirí atá mionlathaithe ó taobh teanga de a chur chun feidhme

**Singleton & Flynn, 2021, lch. 8**

Tá an t-oideachas, mar aon le haon réimse eile, ag dul chun cinn go tapa i gcónaí. Tá modhanna teagaisc éagsúla tagtha in ionad na rudaí a d'fhéadfadh scoláirí a spreagadh agus ar measadh iad a bheith comhaimseartha cúpla bliain ó shin. Mar atá sé le gach réimse eile, tagann teoriciú tiubh te mar iarracht iompar nó ceisteanna ar leith a mhíniú – mar shampla, Conas a fhoghlaimíonn páiste? Conas a fhoghlaimíonn páiste teanga? Cad a theastaíonn ó pháiste le bheith ábalta scileanna léirmheastacha maithe a chothú? Tá sé tábhachtach bunús na dteoiricí sin, agus an gaol idir teoriciú éagsúla a thuiscint, má táimid le machnamh eolasach a dhéanamh ar an iompar/ar an gceist lena mbaineann, agus na boinn teoriciúla sin a mheas agus a phlé go léirmheastach.

I réimse an oideachais, tá sé tábhachtach an réasúnaíocht a bhaineann le modh oideachais ar bith a thuiscint má tá an modh sin le soláthar go héifeachtach leis na scoláirí – Cén fáth a mbainfeá úsáid as modh oideachais ar leith? Cad chuige ba cheart go n-éireadh leis an modh sin? Cad atá ar eolas faoi iompar páistí sa chomhthéacs sin? An bhfuil dúshlán ag baint le húsáid an mhodha

sin le scoláirí ar leith? Cén fáth? srl. Gan feacht ar na teoriciú atá mar bhonn lenár dtuiscint ar an dóigh a n-íompraíonn páistí agus daoine óga iad féin nó a bhfreagraíonn siad do spreagthaí éagsúla, ní féidir a mheas cé chomh maith agus a d'fhéadfadh modh ar leith leith oibriú agus cén fáth a bhféadfadh sé oibriú.

Féachtar sa leabhar seo, mar sin, le cúlra éigin a thabhairt do choincheap an trasteangaithe agus tuiscint níos fearr á tabhairt do mhúinteoirí ar an réimse casta seo trí bhreithniú ar conas agus cathain a úsáidtear modhanna trasteangaithe go héifeachtach i scoileanna sa Bhreatain Bheag acu cad iad na cinn a úsáidtear, agus cén chaoi arbh féidir an trasteangú a chur i bhfeidhm i scoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn. Is cleachtas ranga an-choitianta é an trasteangú – uaireanta déantar é d'aon ghnó, toisc go mbíonn sé beartaithe ag an múinteoir d'aon ghnó dhá theanga nó níos mó a úsáid mar chuid den teagasc, agus ag amanna eile, ní bhíonn an múinteoir agus/nó an scoláire feacht air, ach tarlaíonn sé mar sin féin. Tá sé mar aidhm leis an leabhar béim a leagan ar ghnáthghnéithe an trasteangaithe agus a mhíniú cén fáth a bhfuil aird chúil tuillte ag an modh seo.



Ba chóir go mbeadh deiseanna ag gach páiste a fhios a bheith acu go bhfuil dhá theanga oifigiúla ag an mBreatain Bheag agus go bhfuil go leor teangacha eile á labhairt inár bpobail. Tá freagracht orainn as a chinntiú go gcothóidh páistí dearcadh dearfach i leith teangacha éagsúla agus na ndaoine a labhraíonn iad. Ba chóir go dtacódh na scileanna teanga a fhoghlaimítear i dteanga amháin le heolas agus scileanna a chothú i dteanga eile.

**Rialtas na Breataine Bige, 2022, lch. 21**

Is é ceann de na príomhchumais é, an cumas cumarsáid a dhéanamh i dteanga iasachta/bhreise, le go mbeidh an duine in ann lánsástacht agus forbairt phearsanta a dhéanamh, chomh maith le saoránacht ghníomhach, ionchuimsiú sóisialta agus fostaíocht a bhaint amach.

**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (Éire), 2017, lch. 13**

Léiríonn Curaclam Teanga na Bunscoile an éagsúlacht teangacha i mbunscoileanna sa mhéid is go dtugann sé aitheantas don Ghaeilge, don Bhéarla agus do theangacha eile. Bíonn a réimse scileanna teanga uathúil féin ag gach páiste a thagann chun na scoile agus is ceart an deis a thapú chun tarraingt ar eolas gach páiste ar theanga.

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe (Éire), 2019, lch. 39**

Mar a léiríodh thuas, is é an rud atá againn anseo réamhrá ar 'Cad is trasteangú ann?'; 'Cén fáth an trasteangú?' agus 'Conas trasteangú a dhéanamh?' chun cuidiú le múinteoirí a chinneadh conas a úsáidtear modhanna trasteangacha, cathain iad a úsáid agus cén fáth a n-úsáidtear iad i gcomhthéacs dátheangach go háirithe nuair a dhéantar iarracht d'aon ghnó mionteanga a chosaint. Maidir leis sin moltar do mhúinteoirí roinnt gnéithe den téarma a cheistiú agus straitéisí trasteangaithe a cheapadh a thagann lena gcomhthéacs teanga ar scoil agus machnamh a dhéanamh ar cad atá ar eolas faoi na buntáistí (agus na dúshláin) a bhaineann le teangacha a chur le chéile san oideachas.

Níl sé i gceist go gcuimseofaí go cuimsitheach sa leabhar seo gach forbairt sa réimse leathan seo. Tá liosta léitheoireachta úsáideach ar fáil ag deireadh an leabhair

más mian le haon duine tuilleadh léitheoireachta a dhéanamh sa réimse. Tá súil againn go mbeidh sé ina réamhrá leordhóthanach le boinn an trasteangaithe chun gur féidir le múinteoirí déileáil go muiníneach leis an réimse iad féin, agus straitéisí teagaisc oiriúnacha a phleanáil chun tacú leis an bhfoghlaim.

Tá an sainmhíniú ar 'an chéad teanga' agus ar 'an dara teanga' casta agus féadann sé a bheith débhríoch. Tá tagairt ar fáil ar fud an leabhair do T1 agus T2 ós rud é gurb é sin an gnás sna tagairtí atá ar fáil ag an deireadh sa chuid Saothair a Ceadaíodh. Chun críocha an leabhair seo, úsáidtear na lipéid mar seo a leanas:

**L1 = an teanga a úsáidtear sa bhaile**

**L2 = an teanga a foghlaimíodh i ndiaidh don duine tosú ag foghlaim na teanga a úsáidtear sa bhaile, ar scoil de ghnáth**

# Brollach

Ba é i dtús na n-ochtóidí, i mbeár óstáin in Llandudno, a baisteadh, nó go deimhin a tháinig an téarma 'trasteangú' ar an saol. Bhí Dafydd Whittall, nach maireann, agus mé féin, an bheirt againn ina leas-cheannairí ag an am i meánscoileanna, díreach ag éisteacht le léacht ó léachtóir de chuid an Open University. Nuair a chuaigh mé go dtí an beár, thug Dafydd faoi deara go raibh mo chuid nótaí i mBreatnais, agus cúpla téarma Béarla thall is abhus, agus chuireamar tús le plé ar an bpróiseas; ag éisteacht leis an mBéarla, ag glacadh isteach an eolais agus á chur amach go tapa i mBreatnais. Ba rud é sin a bhí déanta ag an mbeirt againn. Ach níorbh aistriúchán é an rud a bhí ar siúl; dá ndéanfainn iarracht é sin a dhéanamh, bheinn fágtha i bhfad ar gcúl ag an léachtóir. Ní raibh na hacmhainní teangeolaíocha ar fad agam chun é sin a dhéanamh.

Phléamar ansin téarma oiriúnach chun cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas, agus i ndiaidh roinnt féidearthachtaí a mheas, shocraíomar ar an téarma 'trasteangú'.

I dtús na nóchaidí, bhí mé ag déanamh taighde ar mhodhanna teagaisc agus foghlama i meánscoileanna Gwynedd agus Môn, agus thug mé faoi deara go raibh an próiseas ceannann céanna ag tarlú inár scoileanna. I gcásanna áirithe, bhí sé sin riachtanach ós rud é go raibh an teagasc agus an fhoghlaim i mBreatnais ach bhí na hábhair agus na hacmhainní i mBéarla. Ach bhí sé d'aon ghnó freisin i gcásanna áirithe, mar shampla, múinteoir staire ag a raibh rang foghlaimeoirí maithe ag tabhairt píosa fianaise amháin i mBreatnais agus na tascanna/ceistanna i mBéarla; an píosa fianaise eile sa cheacht céanna i mBéarla, agus an freagra i mBreatnais.

Thuigeamar go raibh an scil sin thar a bheith luachmhar, agus dá ndéanfaí a húsáid a phleanáil go cúramach, d'fhéadfadh sé a bheith ina bhealach leis an dá theanga a neartú. Thuigeamar freisin go raibh deis ann an scil a fhorbairt i ngach earnáil oideachais sa Bhreatain Bheag toisc go bhféadfadh sé inniúlacht agus muinín sa Bhreatnais agus sa Bhéarla a chothú. Ansin, díriodh i bhfad níos mó airde ar an 'trasteangú' trí bhreathnú ar (i) an bealach ar úsáideadh é i mbunscoileanna agus i meánscoileanna éagsúla, agus (ii) a oiriúnacht sna scoileanna sin ina dtagann scoláirí tumoideachais níos déanaí ag 11 bhliain d'aois. Ba í an chéad chéim eile féachaint le breac-chuntas a dhéanamh ar na céimeanna a d'fhéadfaí a ghlacadh chun an scil sin a fhorbairt sna hearnálacha breisoideachais agus ardoideachais agus féachaint leis an smaoineamh a

chur ina luí ar mhúinteoirí ionchasacha, ar mhúinteoirí meánscoile agus ar léachtóirí.

Ar an drochuair, ba é an cleachtas i saol an oideachais trí mheán na Breatnaise ag an am an dá theanga a scaradh taobh istigh de cheacht amháin, agus is cuimhin liom baill na Cigireachta ag leagan béim air sin. Ní raibh aon dóchas ann go n-éireodh leis an trasteangú mar scil a d'fhorbrófaí sa seomra ranga! Leis an mbéim ar 'Theanga' agus ar an dátheangachas seachas ar an mBéarla agus ar an mBreatnais sa Churaclam Nua, áfach, anois an t-am le spléachadh eile a thabhairt ar an gcoincheap seo arís. Is é an aidhm an dá theanga a neartú agus a úsáid ar leibhéal ard chun scoláirí dátheangacha muiníneacha tomhaiste a fhorbairt.

Go hiorónta, d'fhorbair an 'trasteangú' go mór ar bhonn idirnáisiúnta, a bhuí leis an aird a thug Ofelia García agus a comhghleacaithe air, cé go

ndearnadh a shainmhíniú agus an coincheap a leathnú agus a mhéadú. Luann sí é mar mhodh chun an dara teanga a fhorbairt beagnach ón tús, ach ba é mo léiriú ar an trasteangú mar straitéis do pháistí a raibh tuiscint mhaith acu ar theanga amháin agus tuiscint labhartha measartha maith acu ar an teanga eile. Straitéis a bhí ann freisin chun an dátheangachas a chothú agus a fhorbairt seachas an dara teanga a aistriú chuig páistí ón tús.

**Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na húdair as spléachadh a thabhairt arís ar an réimse seo, agus guím gach rath ar an leabhar.**

**An Dr Cen Williams**



# Réamhrá don leagan Gaeilge

Tháinig coincheap agus cleachtas oideolaíoch darbh ainm 'trasteangú' ar an bhfód an chéad lá riamh i suíomh mionteanga eile – an Bhreatain Bheag – chun aitheantas a thabhairt do cleachtais oideolaíocha a bhí in úsáid i seomraí ranga dátheangacha.

Tagann roinnt de na ceisteanna céanna chun cinn i seomraí ranga éagsúla timpeall an domhain maidir le cúrsaí teanga, agus maidir leis an gcur chuige is fearr chun tacú le forbairt an dátheangachais agus an ilteangachais. I gcás mionteangacha eile, ach go háirithe, tá fiúntas ag baint le smaointe agus le dea-chleachtas a roinnt le cleachtóirí eile a thuigeann tábhacht an chórais scoile chun an mhionteanga a chur ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile, chomh maith le haitheantas a thabhairt don réimse teangacha atá ag na páistí sa rang.


Ar an lámh eile, áfach, baineann ceisteanna faoi leith le suíomhanna oideachais faoi leith agus ní mór fiúntas straitéisí agus cuir chuige a mheas i gcomhthéacs staid reatha na teanga, chomh maith leis an tírdhreach shochtheangeolaíoch, riachtanais foghlaimeoirí, agus ról an oideachais i seachadadh na mionteanga. Caithfidh na straitéisí agus cuir chuige oideolaíocha a bhíonn in úsáid in aon suíomh oideachais dul i ngleic le cúinsí áitiúla, stairiúla, cultúrtha, polaitiúla agus oideachasúla.

Cosúil le cás na Breatnaise, moladh le fada an lá in Éirinn an dá theanga fhoirmiúla sa scoil – an Ghaeilge agus an Béarla – a choinneáil scartha óna chéile. Thug Cummins an 'two solitudes assumption' ar an nós seo (2007). Leagadh béim ar shuíomh lán-Ghaeilge a chothú sa cheacht Gaeilge i scoileanna lán-Bhéarla, agus suíomh lán-Ghaeilge don lá ar fad (seachas do na ceachtanna Béarla) a chothú i suíomh tumoideachais. An aidhm a bhí taobh thiar de sin ná an oiread Gaeilge agus is féidir a bheith timpeall ar an bpáiste ar scoil mar gurb í sin an phríomhgháit ina mbíonn teagmháil rialta ag an bpáiste leis an teanga. Níl na deiseanna céanna in Éirinn an Ghaeilge a labhairt lasmuigh den scoil, mar atá i gceist leis an mBreatnais agus roinnt mionteangacha eile. Léiríonn taighdeoirí buairt faoi úsáid an Bhéarla sna scoileanna Gaeltachta agus déanann an cás gur chóir 'dún daingean Gaeilge' a dhéanamh den scoil Ghaeltachta (Ó Broilcháin, 2017). Léiríonn taighdeoirí eile buairt maidir le hiompú i dtreo na mórtheanga má bhaintear úsáid aisti go rómhínic agus an mhionteanga á labhairt (Hickey, 2009). Tá baol níos mó ann go dtarlóidh sé seo nuair atá mórtheanga dhomhanda, amhail an Béarla i gceist. Chomh maith leis sin, síleann roinnt taighdeoirí eile gur chóir tacú leis an bhfoghlaimeoir próiseáil dhomhain a

dhéanamh sa mhionteanga seachas leas a bhaint as an mórtheanga (Tedick & Lyster, 2020). Tá tuiscint ann gur fearr go mbeidh an oiread Gaeilge agus is féidir in úsáid ag foghlaimeoirí. Ach an ionann é sin agus cosc iomlán a chur ar úsáid an Bhéarla sa cheacht Gaeilge nó i gceacht a dhéantar i réimse eile curaclaim trí Ghaeilge?

Léiríonn múinteoirí easpa cinnteachta faoi ról an Bhéarla i múineadh na Gaeilge (Dunne, 2015). Agus iad ag plé an tsuímh tumoideachais in Éirinn, molann Ó Laoire agus Harris (2006) gur chóir tuairimí múinteoirí a fháil maidir le húsáid an Bhéarla i measc foghlaimeoirí mar chuid den obair chomhoibríoch. Is léir ó staidéar ar mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta go mbaineann siad úsáid as cleachtais oideolaíocha trasteangaithe éagsúla ar bhealaí a bhí idir fiúntach agus ad hoc (Ó Broilcháin & Ó Ceallaigh, 2020).

Mar sin, is iarracht atá sa leabhar seo coincheap an trasteangaithe a iniúchadh i gcás na Breatnaise agus féachaint ar na féidearthachtaí agus na dúshláin atá ann don Ghaeilge. Tá go leor den téacs ag teacht leis an mbunleagan Breatnaise ach tá tagairtí áirithe do reachtaíocht, taighde, curaclaim na hÉireann agus áiseanna Gaeilge, mar aon le comhthéacs sochtheangeolaíoch na Gaeilge.



# Sainmhínithe

<b>Trasteangú</b>	Is próiseas oideolaíoch é an trasteangú ina bhfuil úsáid mhalartach de dhá theanga ann don ionchur agus don aschur sa ghníomhaíocht chéanna. Faigheann an foghlaimeoir faisnéis i dteanga amháin agus oibríonn sé leis an bhfaisnéis sin sa teanga eile. <b>Curaclam na Breataine Bige</b>
<b>Idirghabháil</b>	Brí a chur in iúl ó dhuine amháin go duine eile sa teanga chéanna (trí athinsint nó achoimre a thabhairt), nó brí a chur in iúl ó theanga amháin go teanga eile (aistriúchán agus ateangaireacht). Cabhraíonn an foghlaimeoir le daoine cumarsáid a dhéanamh le chéile trí fhaisnéis a athrú, a mhíniú nó aistriúchán a dhéanamh ar fhaisnéis nó smaointe. <b>Rialtas na Breataine Bige, 2020, Ich. 245</b>
<b>Dátheangachas</b>	Cumas pobal nó daoine freastal ar a riachtanais chumarsáide féin agus riachtanais a sochaí sa ghnáthshaol laethúil in dhá theanga nó níos mó. <b>Mohanty, 2019, Ich. 17</b>
<b>Scileanna feidhme feidhmiúcháin</b>	Coincheap iompair iltoiseach faoina gclúdaítear raon feidhmeanna coirteacha ardoird glactha, amhail iompar spriocdhírith, smacht na haire, eagrú agus pleanáil ama. <b>Lehto, Juujärvi, Kooistra &amp; Pulkkinen, 2003, Ich. 59</b>
<b>Mionteanga</b>	Teangacha a úsáidtear go traidisiúnta laistigh de chríoch stáit ar leith ag náisiúnaigh an stáit sin ar grúpa iad atá níos lú ar bhonn uimhriúil ná an chuid eile de dhaonra an stáit agus atá difriúil le teanga oifigiúil (teangacha oifigiúla) an stáit sin. <b>Branchadell, 2011, Ich. 97</b>  Is cás speisialta í an Ghaeilge mar gurb í an chéad teanga oifigiúil sa tír í ach toisc gur mionlach a labhraíonn an teanga go laethúil, féachtar uirthi mar mhionteanga.
<b>Códmhalartú</b>	Ag aistriú ó theanga amháin go teanga eile i lár na cainte nuair a bhíonn na teangacha céanna ar eolas ag an mbeirt chainteoirí. <b>Cook, 2000, Ich. 83</b>
<b>Scafláil</b>	Tacaíocht shealadach a fhaightear ó mhúinteoir nó ó dhuine eolach chun cuidiú le scoláirí fadhbanna nach bhfuil siad ábalta iad a réiteach go neamhspleách a réiteach. <b>Sun, Ruokamo, Siklander, Li &amp; Devlin, 2021, Ich. 2</b>
<b>Meitea-theangeolaíocht</b>	An cumas smaoineamh go soiléir ar theanga; gnéithe struchtúracha teanga amhail fóinéimí (fuaimeanna cainte), focail agus abairtí a láimhseáil; agus díriú ar na foirmeacha teanga ar leithligh ó na bríonna. <b>Chaney, 1992, Ich. 485</b>

# Aistriú scileanna teanga

Sa bhliain 2019, cuireadh curaclam nua i bhfeidhm i mbunscoileanna na hÉireann maidir leis an nGaeilge agus an Béarla a mhúineadh.

Curaclam Teanga na Bunscoile an t-ainm atá air, seachas leabhar curaclaim don Ghaeilge agus ceann eile don Bhéarla mar a bhí i gCuraclam 1999 roimhe sin. Tá béim anois ar fhorbairt scileanna, coincheapa agus meonta sa dá theanga in ionad na gcuspóirí foghlama agus ábhar

amháin a fhorbairt. Leis an mbéim ar 'Teanga' seachas ar dhá theanga ainmnithe, tá aitheantas ann do chumas dátheangach nó ilteangach an pháiste agus don traschur scileanna is féidir tarlú ó theanga amháin go teanga eile. Treisítear an pointe seo sa tagairt seo a leanas:

*Is de nádúr teangacha iad a bheith gaolmhar le chéile. Tá buntuisct choincheapúil nó bunachar eolais ann atá mar a chéile i gcás gach teanga. Fágann sé sin gur féidir coincheapa, scileanna litearthachta agus straitéisí foghlama a aistriú ó theanga amháin go teanga eile*

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2019, lch. 38**

*Is curaclam comhtháite é ina ndéantar ceangail idir teangacha agus taobh istigh de theangacha agus ina bhféachtar le tacú le haistriú scileanna idir teangacha.*

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2019, lch. 4**



# Do scileanna aistrithe teanga

Bain triail as do scileanna aistrithe teanga anois! Má tá Gaeilge agat, cabhróidh sé leat roinnt focail Bhreatnaise a thuiscint. Tá uimhreacha 1-10 sa Ghaeilge sa cholún ar chlé. Tá na huimhreacha 1-10 sa Bhreatnais sa cholún ar dheis. Níl siad san ord ceart, áfach! An féidir leat do chuid Gaeilge nó teangacha eile a úsáid chun an uimhir sa Ghaeilge a mheaitseáil leis an uimhir cheart sa Bhreatnais?

Is féidir focail atá atá ar eolas agat sa Ghaeilge a chur i gcomparáid le focail atá ar eolas agat i dteangacha eile. Féach ar gach focal Gaeilge sa liosta thíos. An bhfuil an focal sin ar eolas agat in aon teanga eile? An bhfuil an focal Gaeilge cosúil leis an bhfocal i dteanga eile?

**Eaglais | Peann | Scríobh | Máthair  
Gúna | Mé | Réigiún | Scoil | Nádúr  
Bád | Póca | Cros | Margadh | Leabhar  
Sráid | Litir | Smidiríní**

Gaeilge	Breatnais
Aon	Un
Dó	Deg
Trí	Tri
Ceathair	Wyth
Cúig	Chwech
Sé	Dau
Seacht	Pedwar
Ocht	Naw
Naoi	Pump
Deich	Saith

Tá go leor buntáistí ag baint leis an aistriú scileanna teanga. Cabhraíonn foghlaim teanga eile leis an bpáiste aird a thabhairt ar shanasaíocht (nó fréamh) an fhocail agus forbraítear scileanna meiteatheangeolaíochta (Ó Laoire, 2007). Is féidir le cur chuige ilteangach i gceacht dearcadh dearfach a chothú sa pháiste sa mhionteanga (Coogan, 2022; Moriarty, 2017) nó le scileanna cognaíochta an fhoghlaimora a fheabhsú (Nic Réamoinn, 2022). Caithear teangacha eile a úsáid go cruthaitheach agus go sciliúil sa cheacht Gaeilge agus Béarla chun ligean do na páistí a dteangacha éagsúla a úsáid go héifeachtach chun eolas nua a thuiscint.

Bíonn gnéithe den teanga ann agus déantar iad a thraschur go héasca (coincheapa cló; fuaimneanna faoi leith srl.) ach gnéithe eile is gá a mhúineadh go follasach (gnéithe nach bhfuil sa dá theanga – inscne an ainmfhocail srl.) (Ó Duibhir & Cuimmns, 2012). Ar an taobh eile den aistriú scileanna teanga, áfach, is féidir le teanga amháin cur isteach ar an gceann eile mar a aithnítear i gCuraclam Teanga na Bunscoile.

*D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh roinnt gnéithe den chéad teanga, cuir i gcás fuaimniú agus comhréir, isteach ar an gcaoi a labhróidh an páiste an dara teanga.*

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2019, lch. 38**

# Tionchar Teanga Amháin ar Theanga Eile

Nuair a bhaintear úsáid as mórtheanga agus mionteanga in aon ghníomhaíocht amháin, bíonn roinnt daoine inníoch go mbeidh an mhionteanga thíos leis.

Luadh cheana féin go mbíonn daoine buartha go n-iompófar i dtreo na mórtheanga (Hickey, 2009). Tá baol ann freisin go mbeidh 'sealbhú neamhiomlán' i gceist, sé sin nach mbeidh inmheánú déanta ar struchtúr agus chomhréir na mionteanga agus go mbeidh an mhionteanga á labhairt ach struchtúr na mórtheanga in úsáid (Montrul, 2008).

Tá difríocht idir sealbhú neamhiomlán na Gaeilge (nuair nach bhfuil an páiste tar éis inmheánú a dhéanamh ar ghramadach agus comhréir na Gaeilge) agus úsáid chruthaitheach na Gaeilge (nuair a chumann an páiste téarmaí agus frásaí nua, agus córas gramadaí agus comhréir na Gaeilge in úsáid acu).

Féach ar na samplaí thíos. B'fhéidir go mbeidh cuid acu cloiste agat sa seomra ranga cheana féin mar gur cuid d'ídirtheanga foghlaimeoirí iad.

**Cé acu is samplaí de sealbhú neamhiomlán atá ann? Cé acu is samplaí d'úsáid chruthaitheach na Gaeilge atá ann?**


- ▶ Ba mhaith liom téigh go dtí an siopa.
- ▶ Bhí mé ag spraoi ar an bhfeicim chonaic.
- ▶ Má bhfuil am agat.
- ▶ Ó mo Dhia.
- ▶ Tá an leaba seo róbhlaicéadach!

Chun an sealbhú neamhiomlán a sheachaint agus le nach mbeidh an mhionteanga faoi anáil na mórtheanga, tá gá le go leor deiseanna a bheith ag an bpáiste chun Gaeilge chruinn shaibhir a chloisteáil agus a úsáid go neamhspleách. Tá gá le roinnt de ghramadach agus comhréir na Gaeilge a mhúineadh go follasach, dóthain deiseanna a thabhairt don fhoghlaimoírí na struchtúir seo a inmheánú, agus aiseolas ceartaitheach a thabhairt go rialta.



Tá treoir an-mhaith maidir le gramadach na Gaeilge a mhúineadh agus foghlaimoírí neamhspleácha a chothú ar fáil anseo: [Bain Súp As! | COGG](#)

Tá treoir an-mhaith maidir le haiseolas ceartaitheach a thabhairt ar fáil anseo: [Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf\(curriculumonline.ie\)](#)



# Cad is trasteangú ann?



...cleachtadh oideolaíoch trína n-úsáidtear an Bhreatnais seal agus an Béarla seal le haghaidh ionchuir agus aschuir sa cheacht céanna. Is é an smaoineamh ná eolas a fháil i dteanga amháin agus oibriú leis an eolas sin sa teanga eile.

**Cenoz & Gorter, 2017, lch. 311**

Cleachtas oideolaíoch is ea an trasteangú a bhaineann le haistriú idir dhá theanga le haghaidh ionchuir agus aschuir sa ghníomhaíocht chéanna. Faigheann an foghlaimoir eolas i dteanga amháin agus oibríonn sé nó sí leis an eolas sin i dteanga eile.

**Curaclam na Breataine Bige**

Is é atá i gceist le trasteangú ná an próiseas a bhaineann le brí a fháil, eispéiris a mhúnlú, tuiscint agus eolas a fháil trí dhá theanga a úsáid.

**Baker, 2011, lch. 288**

tagraíonn trasteangú do mhalartuithe teanga nua i measc daoine a bhfuil stair dhifriúil acu, agus nochtann sé stair agus tuiscintí a bhí ceilte laistigh d'fhéiniúlachtaí teanga seasta a bhí srianta ag náisiúin agus ag stáit

**García & Li, 2014, lch. 21**



# Gnéithe an trasteangaithe

Tá trasteangú i measc daonraí dátheangacha chomh nádúrtha le hanálú a ghlacadh. Smaoinigh ar an gcás seo a leanas. Anseo, tá níochán á dhéanamh ag beirt, ach caithfidh siad féachaint ar na treoracha maidir le conas na héadaí a ní:

## Cás 1: Níochán

Dhoirt mé caife ar mo chuid éadaí arís! N'fheadair an mbeidh am agam an gúna nua seo a ní sula gcaithim é?

Fan soicind! Is cuimhin liom go maith an geansaí eile a chuir tú isteach an uair dheireanach. Tá sé beag bídeach anois! Breathnaigh go cúramach ar na treoracha mura bhfuil tú ag iarraidh éadaí naonán a dhéanamh den ghúna seo chomh maith!

Ceart go leor. Is cosúil go gcaithfidh mé é a chur isteach le héadaí den dath céanna. 'wash with similar colours' a deir sé. An bhfuil aon bhall éadaigh dearg agus glas againn le cur isteach leis?

An gceapann tú go bhfuil níochán ar siúl againn d'fhoireann peile Mhaigh Eo?

Bhuel b'fhéidir go bhfuil cúpla geansaí Nollag ag crochadh thart?

Go breá! Beidh an meaisín lán mar sin. Feicim go gcaithfidh iad a chur isteach ar theas níos ísle, ar thimthriall olla. 'wash as wool cycle'. Tá ciall leis sin. Agus ní thógfaidh sé mórán ama leis an socrú sin.

Go hiontach, beidh tú féin gléasta chun féasta go luath.


Is sampla amháin é seo den trasteangú. Anseo, bíonn an comhrá sa Ghaeilge, ach is i mBéarla atá an t-eolas a ionchuirtear sa chomhrá. Agus meascann úsáid an eolais i mBéarla go nádúrtha isteach sa chomhrá Gaeilge gan dochar don Gaeilge.

Is rud é sin a tharlaíonn go rialta inár saol laethúil. Mura dtarlaíonn sé agus treoracha níocháin á leanúint againn, tarlaíonn sé nuair a dhéanaimid comhrá i dteanga amháin faoi chlár teilifíse, faoi scannán nó faoi leabhar a cruthaíodh i dteanga eile. Tarlaíonn sé nuair a phléimid an nuacht; agus muid ag féachaint ar ghearrthóga Tik Tok; nuair a léimid treoracha; nuair a dhéanaimid siopadóireacht ar líne. Tarlaíonn sé in aon chás nuair a dhéanann duine rud éigin i dteanga amháin a chothaítear nó thacaítear le teanga eile.

Sa chás sin, tá an chuid a dhéantar ó bhéal, an t-aschur, sa Ghaeilge) ach is i mBéarla a scríobhtar an an t-eolas a spreagann an comhrá.



## Cás 1: Trasteangú nádúrtha sa scríbhneoireacht agus sa chomhrá





## I gcásanna eile, is féidir leis an ionchur agus leis an aschur tarlú sa 'mhód' céanna (mar shampla, ionchur ó bhéal a fháil agus aschur ó bhéal a thabhairt):

Smaoinigh ar an dara cás thíos nuair atá comhrá gutháin ag duine i nGaeilge agus an t-eolas á athmhúnlú i gcomhrá Béarla le duine eile ag an am céanna:

### Cás 2: Comhrá ar an nguthán

**Glaiteoir:** Maidin mhaith. Seo Kevin ó Stór na Cistine. An bhfuil mé ag labhairt le Bean Mhic Liam?

**Freagróir:** Níl, tá brón orm, tá sí gnóthach faoi láthair.

**Glaiteoir:** Á, baineann sé le seachadadh na cistine. Caithfidimid a dhearbhu an bhfuil an t-ordú ceart agus cathain ba cheart é a sheachadadh.

**Freagróir:** Ciara!! Someone is on the phone. They want to know if you are happy with the order and the delivery date for the new kitchen.

**Ciara:** Hang on! We are not ready yet. We have to sort the electrician and the tailor, and the order needs to be amended. We now need different doors from the ones we originally chose. But we should be ready for the delivery after the midterm break, I think.


**Freagróir:** Ceart go leor, deir sí go bhfuil sí sásta iad a fháil i ndiaidh an 12 Feabhra ach theastaigh na doirse adhmaid uachtair uaithi in ionad na ndoirse liatha - sílim gur roghnaigh sí na cinn a bhí sí ag iarraidh an uair dheireanach a bhí sí sa siopa. Is iad sin na cinn a bhfuil an éifeacht snáithe adhmaid iontu.

**Glaiteoir:** Go breá, is féidir linn a dhearbhu gur athraíomar an t-ordú go dtí na doirse adhmaid uachtair agus breacfaidh mé é sin síos anois go dteastaíonn an seachadadh uait i ndiaidh an 12 Feabhra.



Sa chás sin, tá an t-ionchur agus an t-aschur ó bhéal, ach is ionann an tasc: déanann duine rud éigin i dteanga amháin ach faigheann sé treoracha/eolas i dteanga eile.

### Cás 2: Trasteangú nádúrtha briathartha:



An rud atá coitianta sa dá chás ná go nglacann an inchinn ionchur i dteanga amháin, go bhfreagraíonn sí don ionchur ar bhealach éigin, sula dtugtar aschur i dteanga eile.

Agus is ionann é sin, go bunúsach, agus trasteangú. Is sainghné de shaol daoine dátheangacha iad an dá chás agus d'fhéadfadh go leor buntáistí teacht as an iompar sin, lena n-áirítear:

Buntáistí cognaíocha	Solúbthacht mhachnaimh agus smacht na haire, ag eascairt as scileanna dátheangacha a chleachtadh
Buntáistí léiritheacha	Scileanna cruthaitheacha, a thagann as bheith dátheangach
Buntáistí oideachasúla	Tuiscint mhaith ar an obair agus an cumas coincheapa a mhíniú ar bhealach níos soiléire
Buntáistí teangeolaíocha	Deis chun scileanna labhartha/léitheoireachta/scribhneoireachta a fhorbairt sa dá theanga; líofacht sa dá theanga a chur chun cinn
Buntáistí oideachasúla malartacha	An cumas nasc a dhéanamh idir an scoil agus an baile; ag cothú nasc idir an scoil agus an pobal i gcoitinne
Buntáistí sóisialta	Tuiscint ar dhifríochtaí cultúrtha; comhbhá
Buntáistí sláinte agus folláine	Féinmhuinín a chothú



Úsáideann cainteoir ilteangach teangacha éagsúla leo féin nó meascann siad iad, chun críocha éagsúla seachas aon teanga amháin a úsáid do gach cás féideartha.

Cenoz & Gorter (2021), lch. 15



# Cén difríocht atá idir trasteangú agus aistriúchán?

## Pointe Tagartha 1: Aistriúchán

Ní hionann an t-aistriúchán agus an trasteangú. Áirítear iad seo a leanas ar ghnéithe an aistriúcháin:



*Converting from one language to another, expressing meaning in another language. Good translation requires at least the three following features:*

*(a) Retaining the original meaning (b) Capturing, insofar as is possible, its essence and spirit (c) Having complete mastery of the way the target language works, so that the translation reads as an original piece of work.*



*Ag athrú ó theanga amháin go teanga eile, brí a léiriú i dteanga eile. Teastaíonn na trí ghné seo a leanas ar a laghad le haghaidh aistriúchán maith: (a) An bhunbhrí a choinneáil (b) A héirim agus a spiorad a ghabháil a mhéid is féidir (c) Máistreacht iomlán a bheith ag duine ar an dóigh a n-oibríonn an sprioctheanga, ionas go léifear an t-aistriúchán mar bhunphíosa oibre.*

*Jones, 1972, lch. 40*

Cuireann trasteangú agus aistriúchán ar chumas daoine aonair brí a fhaightear i dteanga amháin a chur in iúl go héifeachtach i dteanga eile. Teastaíonn uathu scileanna anailíse maith, tuiscint mhaith ar bhrí focal agus eolas láidir ar phatrúin bhailí gramadaí sa dá theanga.

Braitheann an difríocht idir aistriúchán agus trasteangú ar fhoirmiúlacht agus ar aidhm na gníomhaíochta. San aistriúchán, dírfear go minic ar an ábhar cruinn a chur in iúl ina iomláine (mar shampla, i ndoiciméad foirmiúil) nó ar achoimre (mar shampla, nuair a bhíonn

meartheachtaireacht á haistriú go teanga eile), gan imeacht ón ábhar sin. Féadfaidh an cuspóir a bheith ina cheann praiticiúil – mar shampla, ábhair a aistriú chun cumas oibre sa dara teanga a mhéadú (Lewis et al., 2013) – nó ina cheann cothromaíoch, i gcás go ndéantar aistriúchán lena chinntiú go gcuimseofar gach duine san áireamh i gcomhrá, srl. Le trasteangú, ar an lámh eile, ní dhírítear a oiread ar an ábhar cruinn a chur i láthair agus níos mó ar an ábhar sin a úsáid chun cur le gníomhaíocht/iompar/plé níos leithne.

Aistriúchán foirmiúil	Aistriúchán neamhfoirmiúil	Trasteangú
Fócas ar bheith ag cloí chomh fada agus is féidir leis an mbunleagan ó thaobh brí, éirime agus spioraid de	Díríú ar bhrí ghinearálta an ionchuir a chur in iúl	Dírigh ar an eolas ón ionchur a úsáid ar cé acu dóigh is gá chun tacú le haschur sa teanga eile

I gCás 2 thuas, tá samplaí soiléire den aistriúchán agus den trasteanga le feiceáil, mar shampla:

Aistriúchán	Trasteangú
<p><b>Glaiteoir:</b> Á, baineann sé le seachadadh na cistine. Caithfidh a dhearbhu an bhfuil an t-ordú ceart agus cathain ba cheart é a sheachadadh.</p> <p><b>Freagróir:</b> Ciara! They are ringing about sending out the kitchen. We have to confirm if the order is correct and when they should send it out.</p>	<p><b>Ciara:</b> Hang on! We are not ready yet. We have to sort the electrician and the tailor, and the order needs to be amended. We now need different doors from the ones we originally chose. But we should be ready for the delivery after the midterm break, I think.</p> <p><b>Freagróir:</b> Ceart go leor, deir sí go bhfuil sí sásta iad a fháil i ndiaidh an 12 Feabhra, ach theastaigh na doirse adhmaid uachtair uathí in ionad na ndoirse liatha – sílim gur roghnaigh sí na cinn a bhí sí ag iarraidh an uair dheireanach a bhí sí sa siopa. Is iad sin na cinn a bhfuil an éifeacht snáithe adhmaid iontu.</p>

Is féidir le haistriúchán tarlú laistigh de phróiseas níos leithne an trasteangaithe, mar atá i gCás 2 thuas. Mar an gcéanna, is féidir le daoine aonair bheith ag trasteangú agus aistriúchán á dhéanamh acu, trí níos mó faisnéise ná an blúire teanga atá le haistriú a chur san áireamh, mar atá sa tagairt do na treoracha ar an lipéad éadaí i gCás 1, mar shampla:

Aistriú	Trasteangú
Caithfidh tú é a ní leis an taobh istigh amuigh. Deir sé: 'wash inside out'	'Nigh mar thimthriall olla é' – It must be very delicate."



Is próisis thábhachtacha iad an dá phróiseas – aistriúchán agus trasteangú – lena spreagtar scileanna maithe teangeolaíochta, cognaíocha agus oideachais. Ach tá cuspóirí éagsúla ag baint leo, agus mar sin tá sé tábhachtach a bheith cúramach agus ceachtar ceann acu á roghnú agat mar shampla:

	Scileanna teanga a fhorbairt	Eolas ábhair a fhorbairt
Aistriúchán (foirmiúil)	Má bhíonn tuiscint mhaith ag scoláirí ar an dá theanga bheadh cleachtadh aistriúcháin (foirmiúil) ina mhodh chun a scileanna teanga a neartú toisc go spreagann sé machnamh ar an dóigh a dtugann foirmeacha éagsúla teangeolaíochta brí i dteangacha éagsúla.	Le hábhair aistrithe éascaítear rochtain ar eolas ábhair sa sprioctheanga.  Is éard atá i gceist le cleachtadh foirmiúil aistriúcháin a shocrú do scoláirí ná a chinntiú go dtuigfidh siad an bhunbhrí agus iad ag féachaint leis an mbrí bheacht a aistriú go teanga eile.
Aistriúchán (neamhfoirmiúil)	Má tá páiste níos láidre i dteanga amháin ná sa teanga eile, beidh sé úsáideach tasc a shocrú chun brí a aistriú ó theanga amháin go teanga eile chun stór focal a fhorbairt agus chun teacht ar fhoirmeacha éagsúla chun an bhrí chéanna a chur in iúl sa teanga is laige.	Agus iad ag comhoibriú ar phiosa oibre, is féidir le scoláirí píosaí a aistriú dá chéile chun tuiscint ar an ábhar a chinntiú.
Trasteangú	Agus plé á dhéanamh ar bhrí píosa chun níos mó eolais a thabhairt faoi bpíosa sin sa teanga eile, d'fhéadfadh plé a bheith mar thoradh air sin faoi conas an t-eolas a chur in iúl ar bhealach fóna teangeolaíoch i dteanga eile agus ag an am céanna a gcuid scileanna teanga a shaibhriú.	Agus faisnéis a fuarthas i dteanga amháin á breithniú chun rud éigin a léiríonn ábhar na faisnéise sin a sholáthar i dteanga eile, caithfidh an t-eolas an méid seo a leanas a dhéanamh (i) an bhunbhrí a inmheánú, (ii) bogadh anonn agus anall idir an dá theanga, chun tuiscint a chinntiú, (iii) eolas a oiriúnú agus a leathnú; agus (iv) machnamh a dhéanamh ar fhairsinge na faisnéise chun aschur a chruthú lena bhfuil brí shaibhir, agus a shaibhriú tuiscint duine ar an topaic.



## Ábhair oideachais a aistriú

Agus aistriúchán á dhéanamh ar mhaithe le tuilleadh ábhar a chruthú, tá sé tábhachtach a mheas an bhfuil aistriúchán focal ar fhocal oiriúnach ar na cúiseanna seo a leanas:



- ▶ Is scil é aistriúchán foirmiúil.
- ▶ Níl focail lena bhfuil bríonna comhfhreagracha i ngach teanga.
- ▶ D'fhéadfadh sé nach bhfuil foirmeacha comhréire i dteangacha áirithe nó d'fhéadfadh sé nach mbeadh siad feiliúnach i dteangacha eile.
- ▶ Is próiseas é an t-aistriúchán a ghlacann go leor ama.
- ▶ Is éasca é brí a chailleadh agus an léitheoir a chur amú.
- ▶ Má bhraitear an-iomarca ar aistriúchán litriúil i gcomhthéacsanna áirithe (mar shampla, i gcás go bhfuil obair atá le déanamh sa bhaile le linn tréimhsí cianfhoghlama á hullmhú), d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na scoláirí an obair a chríochnú agus a phlé i mBéarla amháin.

## Áiseanna teagaisc agus foghlama sa Ghaeilge

- ▶ I gcás na Gaelscolaíochta agus i roinnt scoileanna Gaeltachta, bíonn an Ghaeilge mar dhara teanga nó mar theanga bhreise ag go leor páistí. Mar sin, ní aistriúchán amháin gur chóir a dhéanamh ar áiseanna agus ábhair, ach cur in oiriúint. Ciallaíonn sé sin go m'bfhéidir go mbeidh tacaíochtaí breise ag teastáil ó fhoghlaimoirí nuair atá ábhar á phlé agat i dteanga eile. Tá go leor smaointe maidir le heagraí grafach a úsáid mar scafláil a thabhairt sa dara teanga/teanga bhreise ar fáil anseo: <http://carla.umn.edu/cobaltt/modules/strategies/gorganizers/index.html>. Má tá cainteoirí dúchais sa rang agat, beidh tú ag smaoineamh ar chúrsaí canúna freisin agus ar áiseanna agus litríocht atá cumtha ag daoine áitiúla.
- ▶ Tá eolas faoi straitéisí chun foghlaim chomhtháite an ábhair agus na teanga a éascú ar fáil ar shuíomh na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. [Primary Language Toolkit \(curriculumonline.ie\)](http://www.curriculumonline.ie). Féach an treoirbhileog CLIL.
- ▶ Tá sé tábhachtach ar dtús, áfach, na háiseanna Gaeilge atá ar fáil a lorg agus a iniúchadh.

Tá cnuasach breá d'áiseanna teagaisc agus foghlama ar fáil ar shuíomh na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Áiseanna bunscoile: [Áiseanna Bunscoile | COGG](http://www.cogg.ie)

Áiseanna Iarbhunscoile: [Áiseanna Iar-bhunscoile | COGG](http://www.cogg.ie)

Mol Mata: [Mol Mata | COGG](http://www.cogg.ie)

Féach Thart: [www.forasnagaeilge.ie/angum/?s=féach+thart](http://www.forasnagaeilge.ie/angum/?s=féach+thart)

Sceitimíní: [Sceitimíní-Gníomhaíochtaí-Gaeilge-agus-Drámaíochta-Leagan-don-Idirlíon.pdf \(cogg.ie\)](http://www.cogg.ie)

Tá treoir maidir le leabhair chomhaimseartha Gaeilge ar fáil ar shuíomh Children's Books Ireland.

Treoirleabhair léitheoireachta: [Our recommendations | Childrens Books Ireland](http://www.cogg.ie)

Liostaí léitheoireachta: [Our recommendations | Childrens Books Ireland](http://www.cogg.ie)

Scéalta den Scoth: <https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/LEAGAN-DEIREANACH-A4-web.pdf>

## Pointe Tagartha 2: Cianfhoghlaim

I dtaighde a rinne Thomas et al. (2021) rinneadh scrúdú ar eispéiris tuismitheoirí agus múinteoirí ar an gcianfhoghlaim le linn thréimhsí dianghlása na paindéime.

### Áiríodh ar dhá phatrún shoiléire a tháinig chun cinn sna sonraí:

- ▶ gur lean roinnt múinteoirí i scoileanna Breatnaise ag socrú na hoibre i mBreatnais amháin, de réir mar ba ghá, de réir pholasaí na scoile, agus
- ▶ gur luaigh go leor múinteoirí gur aistrigh siad gach rud a roinneadh.

Tríd an obair a shocrú i mBreatnais amháin, ní raibh na tuismitheoirí ábalta cuidiú lena bpáistí go díreach leis an obair, cé go raibh deiseanna trasteangaithe nádúrtha ann agus an páiste ag iarraidh chineál na hoibre a mhíniú don tuismitheoir. Dúirt na tuismitheoirí go gcuardóidís ábhar comhchosúil i mBéarla ina ionad sin agus go leanfaidís ar aghaidh leis an obair sin a dhéanamh lena bpáiste.

Trí obair a chur i láthair go dátheangach don pháiste/tuismitheoir, d'admhaigh go leor tuismitheoirí go bhfaighidís réidh go hiomlán leis an mBreatnais agus go gcabhróidís lena bpáiste an obair a chríochnú i mBéarla. Mar sin, níor chomhlánaigh t-aistriúchán an Bhreatnais, mar a bhí beartaithe, i mórán cásanna.

Le nach mbeidh tuismitheoirí ag fáil réidh go hiomlán leis an mBreatnais, d'fhéadfadh an múinteoir an obair a shocrú laistigh de chreat trasteangaithe – ábhar léitheoireachta sa Bhéarla a chur san áireamh a d'fhéadfaí a úsáid mar ábhar díospóireachta leis an tuismitheoir, bileog stór focal dátheangach a dhréachtú chun cuidiú leis an aschur Breatnaise, agus achoimre ghairid ar chuspóir agus ar thorthaí foghlama an taisc a chur san áireamh go dátheangach don tuismitheoir, srl.



## Áiseanna teagaisc agus foghlama sa Ghaeilge

Tá roinnt tacaíochtaí ar fáil sa Ghaeilge chun tuismitheoirí a chumasú agus iad ag tacú le hobair bhaile a bpáistí.

- ▶ Tá nathanna cainte úsáideacha le húsáid sa bhaile mar chuid den chlár 'Is Féidir Linn' de chuid na scéime Gaelbhrtach ar fáil anseo: [Is Féidir Linn - \(gaelbhrtach.ie\)](https://www.gaelbhrtach.ie)
- Tá tacaíochtaí ar fáil anseo chun gníomhaíochtaí agus cluichí a dhéanamh trí Ghaeilge sa bhaile: Bileog 1: [https://ncca.ie/media/5346/irish-all-around-me\\_an-ghaeilge-m%C3%B3rthimpeall-orm.pdf](https://ncca.ie/media/5346/irish-all-around-me_an-ghaeilge-m%C3%B3rthimpeall-orm.pdf)
- Bileog 2: [https://ncca.ie/media/5345/praise-praise-praise-\\_mol-an-%C3%B3ige-agus-tiocfaidh-s%C3%AD.pdf](https://ncca.ie/media/5345/praise-praise-praise-_mol-an-%C3%B3ige-agus-tiocfaidh-s%C3%AD.pdf)
- Bileog 3: [https://ncca.ie/media/5344/speaking-and-reading-in-irish\\_ag-labhairt-is-ag-l%C3%A9amh-as-gaeilge.pdf](https://ncca.ie/media/5344/speaking-and-reading-in-irish_ag-labhairt-is-ag-l%C3%A9amh-as-gaeilge.pdf)
- Bileog 4: [https://ncca.ie/media/5624/an-ghaeilge-sa-bhaile\\_cuid\\_4-v14-1.pdf](https://ncca.ie/media/5624/an-ghaeilge-sa-bhaile_cuid_4-v14-1.pdf)
- ▶ Tá eolas ar fáil do thuismitheoirí faoin gcóras oideachais ar shuíomh Gaeloideachas: [Tuismitheoirí | Gaeloideachas](https://www.gaeloideachas.ie)
- ▶ Is féidir le teaghlach Ghaelacha teacht le chéile chun tabhairt faoi roinnt gníomhaíochtaí le chéile. Tá tuilleadh eolais faoi na scéimeanna seo ar fáil ar shuíomh [Teanga Tí agus Tús Maith](https://www.teanga-ti.ie).
- ▶ Teanga Tí: [Home - Teanga Tí \(teangati.ie\)](https://www.teanga-ti.ie)
- ▶ Tús Maith: [Tús Maith Gaeilge Oidhreacht Chorca Dhuibhne \(tusmaithocd.ie\)](https://www.tusmaith.ie)  
Is féidir teagmháil a dhéanamh le Tuismitheoirí na Gaeltachta freisin: [Tuismitheoirí na Gaeltachta - Ghaeilge a chur chun cinn sa teaghlach](https://www.tuismitheoiri-na-gaeltachta.ie)

### Pointe Tagartha 3: Dúshlán san aistriúchán focal ar fhocal

Smaoinigh ar na seanfhocail agus na nathanna cainte seo a leanas. Déan iarracht ar dtús iad a aistriú focal ar fhocal go Béarla.

*D'imigh sé ar shlí na fírinne. He went on the way of truth.*

*Tháinig sí chun foirfeachta. She came into perfection.*

*Briseann an dúchas trí shúile an chait. Nature breaks through the eyes of the cat.*

An bhfuil ciall leis sin sa Bhéarla? An bhfuil an meafar mar an gcéanna sa dá theanga?

An féidir brí na habairte a thabhairt slán sa Bhéarla trí fhocail eile a úsáid?

*D'imigh sé ar shlí na fírinne. He passed away.*

*Tháinig sí chun foirfeachta. She grew older.*

*Briseann an dúchas trí shúile an chait. The apple doesn't fall far from the tree.*

Is féidir deiseanna a thabhairt do pháistí nathanna, seanfhocail agus meafair in dhá theanga éagsúla a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile, chun tuiscint níos fearr a fháil ar bhunbhrí an natha. Cabhraíonn sé seo leo stór focal, comhréir agus fuaimeanna an dá theanga a threisiú. Cuireann sé lena bhfeasacht teanga agus chultúrtha agus an léargas difriúil is féidir le teanga faoi leith a thabhairt dúinn ar an saol.

I gcomhthéacs dá leithéid, téann an foghlaimeoir níos faide ná an t-aistriúchán litriúil, agus bíonn trasteangú ar bun aige nó aici.



# Trasteangú a shainiú

Tá athrú tagtha ar an sainmhíniú ar thrasteangú leis na blianta. Mínítear i sainmhíniú triarach Baker & Wright (2021) an difríocht maidir le conas a shainmhíniú duine an téarma:

Sainmhíniú 1	Ina bhunchoincheapú, tagraíonn [trasteangú] don chleachtas ina bhfaigheann daoine dátheangacha eolas i dteanga amháin agus ansin go n-úsáideann sé nó sí sa teanga eile é nó go gcuireann sé nó sí i bhfeidhm sa teanga eile é
Sainmhíniú 2	Ina bhrí fhairsing, tagraíonn sé do na bealaí nádúrtha agus do na gnáthbhealaí a meascann agus a n-úsáideann daoine dátheangacha a gcuid teangacha ina saol laethúil gan cloí le teorainneacha na dteangacha 'ainmnithe' chun ciall a bhaint as a ndomhan dátheangach
Sainmhíniú 3	Sa teagasc, tagraíonn an téarma do chleachtais oideolaíocha ina n-úsáideann an dátheangachas mar acmhainn seachas neamhaird a dhéanamh air nó é a bhrath mar fhadhb

*Baker & Wright, 2021, lch. 464*

De réir na sainmhínithe sin, is cleachtas nó iompar é an trasteangú a bhíonn ann nuair a bhíonn duine ag plé le dhá theanga. Ach tá níos mó ná sin i gceist le trasteangú. Chun freagra, píosa oibre, aschur – pé rud a theastaíonn – a sholáthar i dteanga atá éagsúil ó theanga an ionchuir, is gá na scileanna cognaíocha a bheith agat

chun bheith ábalta an t-eolas a inmheánú, roghnú as an bhfaisnéis sin, agus an fhaisnéis a athchumadh go héifeachtach, chun an t-aschur cuí a choincheapadh sa deireadh. Tá gné láidir chognaíoch ag baint leis an trasteangú dá bhrí sin:

### Pointe Tagartha 4: Samhail trasteangaithe



## Pointe Tagartha 5: Roinnt scileanna cognaíocha trasteangaithe

Aird a thabhairt  
Aird a roghnú agus a bhainistiú  
Comparáid agus codarsnacht a dhéanamh  
Cuimhne  
Tabhairt chun cuimhne ón gcuimhne  
Réasúnú

Tugtar Scileanna Feidhme Feidhmiúcháin orthu sin le chéile

### Mar sin is féidir an ceathrú sainmhíniú a chur leis:

#### Sainmhíniú 1

Ina bhunchoincheapú, tagraíonn [trasteangú] don chleachtas ina bhfaigheann daoine dátheangacha eolas i dteanga amháin agus ansin go n-úsáideann sé nó sí sa teanga eile é nó go gcuireann sé nó sí i bhfeidhm sa teanga eile é.

#### Sainmhíniú 2

Ina bhrí fhairsing, tagraíonn sé do na bealaí nádúrtha agus do na gnáthbhealaí a meascann agus a n-úsáideann daoine dátheangacha a gcuid teangacha ina saol laethúil gan cloí le teorainneacha na dteangacha 'ainmnithe' chun ciall a bhaint as a ndomhan dátheangach.

#### Sainmhíniú 3

Sa teagasc, tagraíonn an téarma do chleachtais oideolaíocha ina n-úsáideann an dátheangachas mar acmhainn seachas neamhaird a dhéanamh air nó é a bhrath mar fhadhb.

#### Sainmhíniú 4

Próiseas cognaíoch trínar féidir le duine faisnéis a inmheánú ó theanga amháin chun bheith ábalta an fhaisnéis sin a úsáid chun bonn eolais a chur faoina aschur nó faoina haschur i dteanga eile.



Mar sin is féidir an trasteangú a mheas mar cheann de roinnt rudaí:

1. cleachtas oideachasúil
2. iompar cumarsáideach
3. acmhainn thacúil; agus
4. gníomhaíocht chognaíoch

## Pointe Tagartha 6: Ointeolaíocht an téarma

Ciallaíonn an réimír trans- (i mBéarla) san fhocal 'translanguaging' 'across', mar a chiallaíonn traws- sa leagan Breatnaise 'trawsieithu', agus tras- sa leagan Gaeilge 'trasteangú'. Is é sin bunús an téarma ina bhrí bhunaidh, mar a luadh sa chéad sainmhíniú sa tábla. Ach de réir Cenoz agus Gorter (2021, lch 12), d'fhéadfadh an bhrí 'i bhfad' nó 'beyond' a bheith le tras freisin, agus is é sin an bhrí atá mar thaca ag an dara sainmhíniú sa tábla.



Céim thábhachtach amháin, agus trasteangú á spreagadh sa rang, ná na tosca polaitiúla, teangeolaíocha, síceolaíocha agus sóisialta a bhaineann leis na teangacha a mheas ionas go mbeidh an modh a úsáidtear oiriúnach do do chomhthéacs:

Polaitiúil	Stádas teanga
Teangeolaíoch	Scileanna teanga na scoláirí
Síceolaíoch	Dearccháí i leith ceann amháin de na teangacha nó an ceann eile
Sóisialta	Staid reatha na teanga agus a ceannas laistigh de ghrúpa

Tá sé tábhachtach chomh maith go ndéanfaí machnamh ar chuspóir agus ar aidhm an trasteangaithe sa seomra ranga i gcomhthéacs níos leithne na ndúshlán a bhaineann le mionteanga a theagasc agus an modh/na modhanna a úsáidtear a chur in oiriúint de réir na gcúinsí sin. Mar shampla:

Cad iad na dúshláin?	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Easpa acmhainní comhaimseartha sa mhionteanga nó easpa feasachta ar na háiseanna atá ann</li> <li>▶ Easpa tacaíochta chun áiseanna a chruthú a bheidh oiriúnach d'fhoghlaimoirí dara teanga/teanga bhreise</li> <li>▶ An mhionteanga a chosaint agus úsáid á baint as an teanga thromlaigh</li> <li>▶ Easpa cumais tú féin a chur in iúl go hiomlán i dteanga amháin</li> </ul>
Cad é an cuspóir?	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Acmhainní leathana a chur i láthair na scoláirí chun tacú lena gcuid foghlama</li> <li>▶ Tuiscint ar an ábhar a mhéadú trí anailís chuimsitheach ar an ábhar a spreagadh</li> <li>▶ Tacú leis an teanga níos laige trí thacú leis an teanga níos láidre</li> </ul>
Cad é an aidhm?	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Scileanna dátheangacha a fhorbairt</li> <li>▶ Muinín san ábhar a mhéadú</li> <li>▶ Muinín as an ábhar a phlé i dteanga ar bith a mhéadú</li> </ul>



Tá tábhacht fhorbairt na mionteanga i gcroílár na trasteangaithe

Cenoz & Gorter, 2021, lch. 6



# Forbairt an téarma 'trasteangú'



Scáth-théarma is trasteangú sa lá atá inniu ann ina gcuimsítear réimse leathan moltaí teoriciúla agus praiticiúla

*Cenoz & Gorter, 2020, lch. 2*

## (i) Fréamh an téarma

Tá fréamhacha an taighde trasteangaithe le fáil san oideachas dátheangach sa Bhreatain Bheag agus go háirithe i saothar Cen Williams (1994). Ina bhunbhrí, tarlaíonn trasteangú i gcás go ndéantar athrú d'aon ghnó ar ionchur ceachta (scileanna gabhálacha/éighníomhacha, mar shampla, ábhar léitheoireachta, comhrá an mhúinteora) agus ar an aschur (scileanna táirgiúla/gníomhacha, mar shampla, obair scríofa, plé grúpaí), agus go ndéantar an t-athrú sin ar mhodh eagraithe, idir na teangacha éagsúla (García, 2009). (Féach Sainmhíniú 1 agus 3 thuas).

### Ionchur

Teanga  
1



### Aschur

Teanga  
2

Tá an trasteangú fréamhaithe go daingean mar mhodh oideachais, go háirithe i gcomhthéacsanna mionteangacha, cé gur úsáideadh an téarma ó shin i leith chun tagairt a dhéanamh freisin d'iompar casta uathúil theanga an chainteora dhátheangaigh agus an chainteora ilteangaigh.

Féachtar leis an trasteangú mar mhodh oideachais le haghaidh a thabhairt ar an gcás gur dócha go lorgóidh páistí a fhaigheann a gcuid oideachais sa Bhreatain (nó i dteanga ar bith eile) eolas oideachais ar bhealaí éagsúla (agus de chineálacha éagsúla) i mBéarla (nó i dteanga eile amhail an Bhreatain), ag aithint freisin nuair a fhaightear réidh le céad teanga an pháiste go

ndéantar níos mó dochair d'fhorbairt a dhara/dara teanga ná ligean don pháiste úsáid a bhaint as na scileanna sa dá theanga. Tá na scileanna cognaíocha a ghníomhachtaítear nuair a úsáidtear dhá theanga ag an am céanna difriúil leis na scileanna a ghníomhachtaítear nuair a bhíonn teanga amháin á léamh, á cloisteáil, á labhairt agus á próiseáil agus cothaítear scileanna feidhmiúcháin níos mó amhail eolas a bhainistiú, faisnéis a roghnú, faisnéis a chur i bhfeidhm agus a chomhshamlú, srl., is é sin príomhscileanna ar fearr iad go minic i measc daoine a labhraíonn níos mó ná teanga amháin (féach Sainmhíniú 4 thuas agus Pointe Tagartha 9).

## (ii) Teacht chun cinn an téarma

Tháinig tóir ar fud an domhain ar úsáid an téarma 'trasteangu' trí shaothar Ofelia García. Cé gur ceapadh an bunchoincheap, agus an téarma féin, sa Bhreatain Bheag do chás mionteanga, rinneadh brí an téarma a bheachtú ionas go mbeadh sé ábhartha do chás dátheangach an-difriúil, is é sin an cás dátheangach i Nua-Eabhrac. Bhog an fócas ar shiúl ó oideolaíocht fhoirmiúil go húsáid neamhfhoirmiúil teanga i measc cainteoirí dátheangacha (féach Sainmhíniú 2 thuas).



Is éard is aistriúchán ann ná stór iomlán teanga an chainteora a úsáid gan aird ar bheith ag cloí go cúramach le teorainneacha sainmhínte sóisialta agus polaitíochta na dteangacha ainmnithe (agus teangacha náisiúnta agus stáit de ghnáth)

*Otheguy, García & Reid, 2015, lch. 283*

An cás sa Bhreatain Bheag	An cás i Nua-Eabhrac
<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Is teangacha oifigiúla iad an Béarla agus an Bhreatain</li> <li>▶ Céatadán measartha beag inimirce, i gcathracha den chuid is mó</li> <li>▶ Is mionteanga í an Bhreatain a chosnaítear tríd an gcóras oideachais</li> <li>▶ Is í is aidhm leis an oideachas dátheangach an Bhreatain a chosaint agus cainteoirí líofa dátheangacha a fhorbairt</li> <li>▶ (Tá cás na Gaeilge an-chosúil le cás na Breataine ach níl an daonra céanna de chainteoirí laethúla na Gaeilge ann. De réir Dhaonáireamh 2016, labhraíonn 612,018 den daonra teanga nach Béarla nó Gaeilge í sa bhaile, méadú 19.1% ón mbliain 2011).</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Is teanga oifigiúil é an Béarla</li> <li>▶ Labhraíonn líon mór inimirceach Spáinnis, Mandairínis, Rúisis, Cóiréis, Iodáilis agus Criól Fraincise.</li> <li>▶ Ní gá go bhfuil teangacha dúchasacha ina dteangacha faoi bhagairt mar gur teangacha pobail iad, cé nach bhfuil aon stádas dlíthiúil acu</li> <li>▶ Is é is aidhm leis an oideachas dátheangach scoláirí ó chúlaí neamh-Bhéarla a ullmhú chun deiseanna a thapú trí mheán an Bhéarla.</li> </ul>


Taobh thiar den sainmhíniú nua ar an téarma 'trasteangú' bhí an imní go raibh deacrachtaí ag páistí ó chúlaí neamh-Bhéarla i SAM a mbrí a chur in iúl i mBéarla amháin toisc nach raibh siad ábalta úsáid a bhaint as a dteanga eile/a dteanga is láidre. Measadh nach raibh meon monailiotach, aonteangach ina léiriú cothrom ar eispéireas solúbtha teangeolaíoch an chainteora dhátheangaigh agus an chainteora ilteangaigh. Tugadh dúshlán do bhoinn teoriciúla an tsealbhaithe teanga freisin, ag líomhain nach bhfuil

ach córas cumarsáideach amháin ann ina bhfuil, do chainteoirí dátheangacha agus ilteangacha, gnéithe de níos mó ná 'teanga' amháin. Cé go n-admhaíonn García í féin go bhfuil áit agus cuspóir maidir le scileanna caighdeánacha teanga a fhorbairt ar scoil, tá sí den tuairim freisin gur gá gnáth-iompar cumarsáideach na gcainteoirí dátheangacha agus ilteangacha a thuiscint, a aithint agus glacadh leis ionas go bhféadfaidh gach páiste an deis a fháildul chun cinn maith a dhéanamh.

## Réasúnaíocht le sainmhíniú leathnaithe ar thrasteangú:

- ▶ Córas 'cumarsáideach' amháin is ea teanga.
- ▶ Is táirge socheolaíochta é 'teanga'.
- ▶ Úsáideann cainteoirí dátheangacha/ilteangacha a gcóras iomlán cumarsáideach chun teachtaireacht a chur in iúl ar an mbealach ceannann céanna a úsáideann cainteoir aonteangach a chóras/córas cumarsáideach iomlán.
- ▶ Cruthaítear leis sin cumarsáid dhátheangach/ilteangach i measc cainteoirí a bhfuil córais chumarsáideacha acu ina bhfuil gnéithe de níos mó ná teanga amháin.
- ▶ Má éilítear go ndéantar cumarsáid aonteangach amháin i gcás ar bith tarlóidh míchumarsáid, rud a chuirfidh isteach ar mhúinín agus ar thoilteanas an pháiste labhairt.
- ▶ Mar sin, ba cheart go gceadófaí do chainteoirí dátheangacha a repertoire iomlán teanga a úsáid agus iad i mbun cumarsáide lena chur ar a gcumas teachtaireachtaí a chur in iúl/a dtuiscint a léiriú go hiomlán.

Easaontaíonn roinnt taighdeoirí leis an smaoineamh go bhfuil an dá theanga atá ag cainteoir dátheangach 'aontaithe' mar chóras cumarsáideach amháin, agus tá inní ar roinnt múinteoirí faoin smaoineamh gur cheart ligean do pháistí teangacha a chur le chéile i gcásanna foirmiúla oideachais (Siôn, 2021; Lewis, Jones & Baker, 2012). Chun teacht ar chomhréiteach, molann roinnt daoine, cé go bhfuil teorainneacha teanga débhríoch agus treallach, gur féidir le cainteoirí an difríocht idir 'teanga' amháin agus teanga eile a aithint, agus go bhfuil sé tábhachtach dá réir sin a chinntiú go mbeidh tuiscint ag páistí ar cathain agus cén áit ar cheart teanga amháin nó meascán den dá cheann a úsáid, is cuma chomh láidir is atá á dtuiscint ar theanga amháin nó ar an teanga eile (mar shampla, Cummins, 2017).



## Códmhalartú i gcomparáid le Trasteangú

Tá go leor daoine den tuairim go dtagraíonn trasteangú, sa bhrí is leithne den téarma (féach Sainmhíniú 2 thuas), do rud a aithníonn daoine eile mar chódmhalartú.

### Pointe Tagartha 7: Códmheascadh



*focail agus/nó gramadach ó dhá theanga a mheascadh sa chomhrá nó san abairt chéanna*



*Thomas & Webb-Davies, 2017, lch. 48*

Go bunúsach, meastar gur iompar sochttheangeolaíoch é códmhalartú, agus glactar leis an trasteangú mar iompar soch-chognaíoch (Singleton & Flynn, 2021).


Braitheann an bhfuil sé de nós ag duine féachaint ar iompar dhá theanga a úsáid san fhrása céanna mar chódmhalartú nó mar thrasteangú ar sheasamh teoiriciúil an duine maidir leis an dóigh a stóráil an inchinn dhátheangach teanga.

Má cheapann duine gur códmhalartú é abairt amháin "Caithfidh mé laptop a fháil" is dócha go measann an duine go bhfuarthas focal san abairt Ghaeilge ar iasacht ón mBéarla – gur bogadh


rud éigin ó áit amháin go háit eile – agus mar sin measann sé nó sí gur dhá theanga ar leith iad.

Má cheapann duine gur trasteangú atá i gceist le habairt ar nós "Caithfidh mé laptop a fháil" is dócha go measann sé/sí go bhfuil córas cumarsáideach amháin ag an duine ina gclúdaítear gach rud (teanga A agus teanga B) le chéile, agus go n-úsáideann an duine eolas óna 'repertoire' iomlán chun an bhrí atá ag teastáil a chur in iúl.

#### Códmhalartú dhá chóras ar leith



#### Trasteangú (sainmhíniú 2): Córas cumarsáideach amháin



Mar sin féin, má thugann duine abairt ar nós "Caithfidh mé an diabhal laptop a fix-áil" beidh cúrsaí beagán difriúil. Anseo, tá a fhios ag an gcainteoir go bhfuil Teanga A (Gaeilge) á labhairt aige nó aici ach níl focal aige nó aici le mothú faoi leith a chur in iúl i dTeanga A. An rud atá á dhéanamh ag an gcainteoir mar sin ná frása briathartha a fháil ar iasacht ó Theanga B (Béarla) ach an frása sin a oiriúnú chun cloí le rialacha léirithe Theanga A (Gaeilge) trí -áil a chur leis an mbriathar.

Cibé an measann duine go bhfuil úsáid fix-áil ina shampla de theangacha a chomhcheangal (códmhalartú) nó foirm a cuimsíodh leis féin laistigh de chóras cumarsáideach amháin (trasteangú), tá sé tábhachtach a mheas nach mbeidh a leithéid de chleachtas éifeachtach ach má labhraíonn an t-éisteoir an dá theanga freisin.



I bhfianaise Churaclam na Breataine Bige, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt do gach teanga a labhraíonn páiste, agus an páiste a spreagadh chun a úsáid/ húsáid teanga féin a phlé, conas teachtaireachtaí éagsúla a chur in iúl i dteangacha éagsúla, agus conas a athraíonn gnéithe teanga. de réir comhthéacs, srl.

Mar an gcéanna le Curaclam Teanga na Bunscoile in Éirinn, tugann sé aitheantas don Ghaeilge, don Bhéarla agus do theangacha eile a bhíonn ag an bpáiste.

*Bíonn a réimse scileanna teanga uathúil féin ag gach páiste a thugann chun na scoile agus is ceart an deis a thapú chun tarraingt ar eolas gach páiste ar theanga.*

*An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (Éire), Ich. 39*

## RÉIMSE FOGHLAMA AGUS TAITHÍ Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid

Treoir chun cuidiú le scoileanna agus le suíomhanna a gcuraclam féin a fhorbairt, rud a chuirfidh ar chumas na bhfoghlaimoirí forbairt i dtreo na gceithre chuspóir.

- ▶ **...ba chóir go dtabharfaí deiseanna do na foghlaimoirí teangacha a úsáid ionas gur féidir leo a bheith éifeachtach agus iad ag caidreamh, ag scrúdú smaointe, ag léiriú tuairimí, faisnéise agus tuisceana agus ag cothú caidrimh le daoine eile.**
- ▶ **Cuideoidh an fhoghlaim agus an taithí leo eolas a fháil ar an dóigh a n-úsáideann siad réimse teangacha chun iad féin a chur in iúl ar mhaithe le cuspóirí éagsúla agus le haghaidh lucht sprice éagsúil.**
- ▶ **Maidir leis an mBreatain nó leis an mBéarla, ciallaíonn sé sin labhairt agus scríobh.**

Curaclam na Breataine Bige

Cuireann foghlaim teangacha ar chumas pháistí an domhan mórthimpeall orthu a thuiscint agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine eile. Is iomaí cineál cumarsáide atá ann, ó chumarsáid neamhbhriathartha agus bhriathartha go téacsanna clóite agus digiteacha. Trí chaidreamh a dhéanamh le daoine fásta, téann páistí i dtraithí ar agus i ngleic le caidreamh cumarsáideach agus tosaíonn siad tríothu seo ar chumarsáid daoine eile a thuiscint, a léirmhíniú, brí a bhaint aisti agus í a mheas go criticiúil. Cuireann teanga ar chumas páistí a bheith rannpháirteach ó thaobh na mothúchán de, go sóisialta, go cognaíoch, go samhlaíoch agus go haeistéitiúil i gcaidrimh agus in eispéiris chultúrtha. Cumasaítear páistí lena smaointeoireacht, a bhfríotal, a machnamh, a gcumas criticiúil agus a n-ionbhá a fhorbairt, agus tugtar tacaíocht dóibh chun féin-éifeachtacht, féiniúlacht agus lánpháirtíocht sa tsochaí a fhorbairt chomh maith

*An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (Éire), Ich. 39*

## Achoimre: Cad is trasteangú ann?

- ▶ Tá an taighde i réimse an trasteangaithe an-leathan. Tá sé deacair cad go díreach atá i gceist leis an trasteanga a shainiú.
- ▶ Cleachtas is ea trasteangú a tharlaíonn go nádúrtha i ndaonraí dátheangacha – inár gcaidreamh laethúil, agus sa seomra ranga.
- ▶ D'fhéadfaí breathnú ar an trasteangú mar chleachtas oideachais, mar iompar cumarsáideach, mar acmhainn tacaíochta, agus/nó mar ghníomhaíocht chognaíoch.
- ▶ Tá roinnt comhcheangail éagsúla teanga ina sainghné ag an trasteangú, ach is é an rud a bhaineann le gach ceann díobh ná go dtugann an trasteangú deis do dhaoine aonair a dtuiscint a leathnú trí phríoséas na scaflála teanga.
- ▶ Cé acu an bhfuil nó nach bhfuil a fhios agat go comhfhiosach go bhfuil cleachtas trasteangaithe á phleanáil agat, rachaidh sé chun tairbhe an fhoghlaimora má dhéanann tú ceacht nó cleachtadh á phleanáil d'aon ghnó chun (i) an teanga ionchuir a éagsúlú, (ii) teanga an phlé a éagsúlú agus (iii) teanga an aschuir a éagsúlú de réir mar is gá.
- ▶ Tá sé tábhachtach an méid a shainítear sa litríocht mar thrasteangú a aithint toisc go gcuirfidh sé sin ar do chumas foghlaim ón taighde a rinneadh sa réimse agus tairbhe a bhaint as aon mheastóireachtaí a rinneadh ar chleachtas trasteangaithe atá cosúil lena bhfuil ar siúl i do sheomra ranga.



# Cén fáth a ndéantar trasteangú?



Tá an tábhacht maidir le forbairt na mionteanga i gcroílár an trasteangaithe.

**Cenoz & Gorter, 2021, lch. 6**

Caithfidh oideachas dátheangach chun mionteanga a chumhachtú spás a chosaint don teanga mhionlaithe, agus ag an am céanna spás dátheangach a chruthú inar féidir leis an mionteanga (Breatnais) idirghníomhú leis an teanga thromlaigh (Béarla).

**Jones 2017, lch. 208**

Caithfear spásanna faoi leith a chruthú do na teangaacha ainmnithe, chomh maith leis na teorainneacha eatarthu a dhéanamh níos boige.


**García & Lin, 2017, lch. 126**



Amhail roinnt modhanna oideachais eile, tá dúshláin ann agus tú ag smaoineamh ar conas, cén fáth agus cén uair ba chóir trasteangú a úsáid/a spreagadh/a cheadú sa seomra ranga. Mar sin féin, tá roinnt buntáistí soiléire ag baint leis an modh.

Agus straitéisí/modhanna trasteangaithe á ndearadh, ba chóir na buntáistí agus na dúshláin a aithint agus a mheas ag an am céanna.

Buntáistí	Dúshláin
<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Cuirtear ar chumas an pháiste leis an trasteangú úsáid a bhaint as an teanga is láidre atá aige/aici chun forbairt na teanga is laige a chur chun cinn, rud a threiseoidh an tuiscint agus a chuirfidh le hinníúlacht níos fearr sa dá theanga.</li> <li>▶ Forbraíonn an trasteangú scileanna meitea-theangeolaíocha, feasacht mhoirfeolaíoch (Leonet, Cenoz &amp; Gorter, 2020), agus stór focal (Galante, 2020).</li> <li>▶ Is féidir le trasteangú dearcadh dearfach i leith teangacha mionlaigh a chur chun cinn freisin (Moriarty, 2017).</li> <li>▶ Líomhnaíonn Baker (2006) go dtugann an trasteangú tuiscint níos doimhne ar an ábhar ná mar a thugann sé i gcomhthéacs aonteangach inar féidir le scoláirí scríobh ar thopaic gan é a thuiscint go hiomlán, toisc go bhfuil sé riachtanach an t-eolas a phróiseáil chun é a chur i láthair i dteanga eile.</li> <li>▶ Líomhnaítear freisin gur féidir leis an trasteangú cuidiú le forbairt na cumarsáide béil agus na litearthachta sa teanga is laige agus gur modh é chun cainteoirí T1 agus T2 a chomhtháthú.</li> <li>▶ Buntáiste eile is ea go dtugann sé deis do thuismitheoirí aonteangacha obair scoile a bpáistí a phlé agus cur leis an obair bhaile sin cé go bhfuil an obair sin i dteanga nach dtuigeann siad, os rud é mbíonn próiseáil agus cumarsáid faisnéise idir teangacha mar thoradh ar an trasteangú (trí idirghabháil corrúair).</li> <li>▶ Is féidir le trasteangú oibriú go maith sa Bhreatain Bheag, go háirithe i gcomhthéacs ina bhfuil tuiscint mhaith ag scoláirí ar an dá theanga.</li> <li>▶ Ciallaíonn trasteangú gur féidir leas a bhaint as réimse níos leithne acmhainní, toisc gur féidir acmhainní ó níos mó ná teanga amháin a úsáid.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Mar gheall ar ghanntanas faisnéise Breatnaise, nó aon mhionteanga eile, ar líne cuirtear teorainn le líon agus réimse na gceachtanna a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar ionchur na Breatnaise, rud a fhágann go mbíonn sé deacair cothromaíocht chomhsheasmhach a chinntiú idir an cineál faisnéise nó gníomhaíochta a chuirtear i láthair nó a choinnítear i gceann amháin nó i gceann eile de na teangacha. Tá an dúshlán céanna ann sa Ghaeilge chomh maith. Anuas air sin, d'fheadfaíeaspa feasachta a bheith ann ar na háiseanna trí Ghaeilge atá ar fáil.</li> <li>▶ Teastaíonn ullmhúchán cúramach le tasc maith trasteangaithe a dhéanamh.</li> <li>▶ Baineann an trasteangú úsáid fairsing as an mBéarla mar theanga ionchuir chun téacsanna agus ábhar éisteachta a léamh, rud a spreagann na páistí chun an obair atá bunaithe orthu a phlé agus a chur i láthair i mBreatnais. Mar thoradh air sin, tá roinnt múinteoirí sásta é a úsáid mar mhodh chun úsáid na mionteanga a choinneáil agus a chosaint, agus eagla orthu go mbeadh úsáid mhéadaithe as an mBéarla mar thoradh ar théacsanna Béarla a úsáid.</li> <li>▶ Laghdaítear spleáchas ar an teanga is láidre i gcás ina bhfuil fócas soiléir ar oibriú sa sprioctheanga.</li> </ul>



## Trasteangú agus Curaclam na Breataine Bige

Tagraíonn an 'cur síos ar an bhfoghlaim' go díreach d'fhorbairt scil an trasteangaithe:

Céim dul chun cinn 2	Céim dul chun cinn 3	Céim dul chun cinn 4	Céim dul chun cinn 5
Thosaigh mé ag baint leas as eolas a chuirtear i láthair i dteanga amháin agus á chur in iúl i m'fhocail féin i dteanga eile.	Is féidir liom eolas a fháil i dteanga amháin agus é a chur in oiriúint do chuspóirí éagsúla i dteanga eile.	Is féidir liom mo scileanna trasteangaithe a chur i bhfeidhm chun tacú le mo chuid foghlama i dteangacha comónta agus nua.	Is féidir liom deiseanna trasteangaithe a aithint go neamhspleách chun m'fhoghlaim agus mo chumarsáid i mo theangacha a threisiú.

Ina theannta sin, is acmhainn thábhachtach í an trasteangú chun ceithre chuspóir Churaclam na Breataine Bige a bhaint amach, is iad sin:

- ▶ foghlaimeoirí uailmhianacha, cumasacha atá réidh le foghlaim ar feadh a saoil;
- ▶ cuiditheoirí fiontraíochta, cruthaitheacha atá réidh chun páirt iomlán a bheith sa saol agus san obair;
- ▶ saoránaigh eiticiúla, eolasacha atá réidh le bheith ina saoránaigh den Bhreatain Bheag agus den domhan; agus
- ▶ daoine aonair sláintiúla, muiníneacha atá réidh le saol sásúil a chaitheamh mar bhaill luachmhara den tsochaí.

Mar shampla, is féidir roinnt céimeanna dul chun cinn eile a bhaint amach, mar atá sa rogha thíos, trí mhodhanna trasteangaithe a ghlacadh:

Céim dul chun cinn 2	Céim dul chun cinn 3	Céim dul chun cinn 4	Céim dul chun cinn 5
Táim ag tuiscint anois go bhfuil cosúlachtaí agus difríochtaí idir ár dteangacha.	Is féidir liom naisc, cosúlachtaí agus difríochtaí idir na teangacha a labhraím agus na teangacha atá á bhfoghlaim agam a aithint agus a phlé.	Is féidir liom mo chuid eolais ar naisc, ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí idir teangacha a úsáid chun tacú le mo scileanna foghlama teanga.	Is féidir liom mo chuid eolais ar naisc, ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí idir teangacha a chur i bhfeidhm chun mo chumarsáid a fheabhsú.
Tuigim go n-úsáideann daoine teangacha éagsúla.	Tuigim an dóigh agus an fáth ar tháinig teangacha chun cinn agus go bhfuil siad ag forbairt go leanúnach.	Trí iniúchadh a dhéanamh ar phróiseas teacht chun cinn teangacha agus ar an tsanasaíocht, is féidir liom mo chuid eolais ar chruthú teanga a fheabhsú.	Is féidir liom mo chuid eolais ar éabhlóid teangacha agus ar an tsanasaíocht agus a úsáid chun mo thuiscint ar chruthú teanga a neartú.
	Is féidir liom cumarsáid a dhéanamh i réimse teangacha atá ag dul i méid.	Is féidir liom mo chuid eolais ar an dóigh a n-oibríonn teangacha a úsáid chun tacú le tuilleadh foghlama teanga.	Is féidir liom cumarsáid a dhéanamh, bheith ag caidreamh agus ag idirghabháil i dteangacha éagsúla agus mé féin a chur in aithne mar dhuine ilteangach.



*I mbeagán ceachtanna, tarraingíonn múinteoirí aird na scoláirí ar bhunús teangeolaíoch na bhfocal teicniúil agus iarrann siad orthu an nasc idir na téarmaí Béarla agus Breataine a mhíniú. Bíonn tionchar dearfach ag an gcleachtas sin ar thuiscint na scoláirí ar théarmaí ábhair sa Bhreatain agus sa Bhéarla.*

Estyn, 2014, lch. 16



## Treisiúnn teanga amháin teanga eile

Ní rud nua é an coincheap úsáid T1 a chumasú i rang T2. Tá go leor samplaí ann de chásanna ina dtreisiúnn úsáid T1 i rang T2 an teagasc agus an fhoghlaim. D'fhéadfá a rá go dtagraíonn cuid mhór den taighde ina bhfuil tagairt don 'rang T2' do chás foghlama teanga i gcomhthéacs ilteangach seachas do chás ina dtarlaíonn foghlaim teanga agus ábhar an oideachais a fháil i T2, mar a tharlaíonn i scoileanna Breataine agus i scoileanna lán-

Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta. Mar sin féin, ós rud é go sealbhaíonn líon mór scoláirí i scoileanna Breataine ar fud na Breataine Bige an Bhreatain ar scoil seachas sa bhaile, agus go bhfaigheann siad eolas oideachais go príomha tríd an teanga sin freisin, tá sé tábhachtach ról cúlú T1 a thuiscint, go háirithe. le linn Phríomhchéim 2, de réir mar a fhorbraíonn na scoláirí a scileanna teanga i T2.

Sa mhéid seo a leanas soláthraímid cur síos gairid ar roinnt modhanna teagaisc ina bhfuil cosc ar T1 nó ina bhfuil cead T1 a úsáid i rang T2, agus tugaimid sonraí freisin faoi na míbhuntáistí a bhaineann le gach modh:



### Cosc ar T1

	Cur Síos	Míbhuntáistí
<b>Modh closlabhartha</b>	Modh atá bunaithe ar chur chuige iompair. Spreagann sé athrú leanúnach ar an dialóg chun patrúin a chur de ghlannmheabhair ag baint úsáid as atreisiú dearfach do gach freagra ceart agus ag tairiscint cleachtaí druileála ar na patrúin riachtanacha laistigh den agallamh. Is modh é seo is féidir a dhéanamh ar leibhéal an ranga uile. Spreagann sé úsáid T2 agus tugann sé deis forbairt a dhéanamh, chomh maith leis an bhfoghraíocht a fheabhsú, trí mhúnlú a dhéanamh ar iompar an mhúinteora.	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Tá an modh dírithe ar an múinteoir seachas ar an scoláire agus díríonn sé ar iompar a fhorbairt seachas díriú ar chomhréir agus ar bhrí agus ar fhoirm na bhfocal.</li> <li>▶ D'fhéadfadh go mbeadh an chuma ann go bhfuil an foghlaimeoir dolúbtha agus meicniúil maidir lena líofacht teanga, cé gur cosúil go bhfuil leibhéal arda líofachta aige nó aici.</li> <li>▶ Is féidir leis an bhfoghlaimeoir a bheith leath-éighníomhach sa phróiseas, agus ní féidir an modh a oiriúnú de réir leibhéal dul chun cinn daoine éagsúla.</li> <li>▶ Is deacair naisc a chruthú idir an sprioctheanga agus T1 lena aithint conas is féidir roinnt coincheap a chuirtear i láthair ar bhealaí atá go hiomlán difriúil i gceachtar den dá theanga a chur in iúl.</li> </ul>
<b>Modh díreach</b>	Teanga a bhrath trí léirithe amhairc (mar shampla, grianghraif) agus gothaí (e.g. gothaí fisiceacha). Brí focal a fháil óna gcomhthéacs agus rialacha teanga a fháil amach dóibh féin trí anailís a dhéanamh ar abairtí agus ar chleachtaí (e.g. bia a ordú i mbialann). Tá na tascanna féamhaithe i gcomhthéacsanna fíorshaoil agus is féidir leis na cleachtaí a bheith spráilí mar aon le rannpháirtíocht an fhoghlaimeora a spreagadh.	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Leagtar níos mó béime leis an modh sin ar an teanga ó bhéal agus mar sin ní thugtar dóthain airde ar léitheoireacht, scríbhneoireacht ná gramadach.</li> <li>▶ Is deacair naisc a chruthú idir an sprioctheanga agus T1 lena aithint conas is féidir roinnt coincheap a chuirtear i láthair ar bhealaí atá go hiomlán difriúil i gceachtar den dá theanga a chur in iúl.</li> <li>▶ Ní féidir an modh a choimeád ar leibhéal rangbhunaithe mar is gá an t-ábhar a oiriúnú de réir dhul chun cinn an duine aonair.</li> </ul>
<b>Teagasc cumarsáideach teanga</b>	Tá an bhéim anseo ar chumarsáid nádúrtha – na comhthéacsanna agus na cineálacha comhráite is dócha a bheidh ag teastáil ón scoláire san fhíorshaoil a aithint. Dírithe ar fhoghlaim conas cumarsáid a dhéanamh trí bheith ag caidreamh le daoine eile agus is deis é do scoláirí an méid a fhoghlaimíonn siad ar scoil a leathnú go dtí an comhthéacs sóisialta lasmuigh den scoil.	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Béim níos mó ar líofacht ná ar chruinneas – teastaíonn cothromaíocht eatarthu.</li> <li>▶ Is doiléir an sainmhíniú atá ar 'cumarsáid shoiléir' – ní gá go gciallaíonn cumarsáid shoiléir sa rang gur féidir leis an scoláire cumarsáid shoiléir a dhéanamh sa phobal.</li> </ul>

## T1 ceadaithe

	Cur Síos	Míbhuntáistí
<b>Cur chuige nádúrtha (Krashen &amp; Terrall, 1983)</b>	Ceadaítear freagraí T1 ar fhiosruithe múinteoirí i T2 go dtí go mbeidh an scoláire muiníneach go leor chun freagra a thabhairt i T2. Tá staid shíceolaíocha na bhfoghlaimoírí i gcoilár an aistir foghlama.	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ D'fhéadfadh cleachtadh i measc scoláirí ar fhreagra a thabhairt i T1 a bheith mar thoradh ar pholasaí maidir le freagairt i T1 a leagan síos.</li> <li>▶ Cé go mbítear ag súil go mbainfidh scoláirí úsáid níos mó agus níos mó as T2 de réir mar a fhorbraíonn a gcuid scileanna, is dúshlán é an cleachtas teanga a athrú má tá an cleachtas freagartha i T1 fréamhaithe.</li> </ul>
<b>Gramadach-aistriúchán</b>	Seanmhodh chun teanga nua a theagasc bunaithe ar mhodh teagaisc na Laidine. Aistríonn an foghlaimoír téacs óna chéad teanga go dtí an teanga nua. Is féidir é a úsáid go dtí leibhéal rangbhunaithe agus i ranganna cumais mheasctha. Trí chead a thabhairt T1 an fhoghlaimoira a úsáid, cabhraítear le tuiscint a fháil ar na coincheapa casta agus cabhraíonn an bhéim ar an bhfoirm le leanúchas a chinntiú agus doiléireacht a sheachaint.	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Fócas ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht amháin.</li> <li>▶ Fócas ar fhoirm abairte seachas ar bhrí.</li> <li>▶ Bíonn an foghlaimoír éighníomhach go hiomlán sa phróiseas.</li> </ul>
<b>Cur chuige nua comhuaineach (Jacobson &amp; Faltis, 1990)</b>	Modh teagaisc dátheangach a úsáideann coincheap an chódmhalartaithe d'aon ghnó chun scileanna sa sprioctheanga a fhorbairt. Aithníonn an modh úsáid an chódmhalartaithe sa phobal agus baintear leas as an úsáid nádúrtha as teangacha a chomhcheangal chun eolas faoin teanga a thabhairt d'fhoghlaimoírí.	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Ceapann a lán daoine gur droch-chleachtas é códmhalartú, rud a spreagann leisce teanga.</li> <li>▶ D'fhéadfadh easpa tuisceana a bheith mar thoradh air, go háirithe nuair nach bhfuil dóthain forbartha ar cheachtar ceann de na teangacha.</li> <li>▶ Mura dtarlaíonn an t-athrú ach i dtreo amháin (e.g. frásaí agus stór focal a fháil ar iasacht ó theanga amháin go teanga eile an t-am ar fad) b'fhéidir go mbraithí go bhfuil teanga amháin níos tábhachtaí, níos fearr, 'níos láidre' srl. ná an teanga eile.</li> </ul>

Tá dúshlán ag baint le gach ceann de na modhanna sin, cé acu sin cosc iomlán ar T1 go sa rang nó glacadh lena húsáid go comhthreomhar leis an sprioctheanga. An rud is tábhachtaí, mar sin, agus straitéisí trasteangaithe á bhforbairt sa rang ná an méid seo a leanas a chinntiú:

- ▶ go bhfuil eolas agat ar chomhthéacs reatha teangeolaíochta an cheantair, na scoile, agus na scoláirí aonair i do rang;
- ▶ go bhfuil tú réalaíoch maidir le gnóthachtálacha féideartha na scoláirí éagsúla, agus a n-eispéiris teanga á gcur san áireamh;
- ▶ go bhfuil aidhmeanna agus cuspóirí cinnte sainaitheanta agat don cheacht agus gur bhreithnigh tú an gá le díriú ar líofacht (muinín cumarsáide) nó oilteacht (scileanna teanga); agus
- ▶ gur bhreithnigh tú na dúshlán a bhaineann le haidhmeanna a bhaint amach maidir le cosc a chur ar úsáid teangacha lasmuigh den sprioctheanga nó glacadh léi.

Maidir leis sin, tá sé tábhachtach a mheas cén sainmhíniú ar thrasteangú a oireann do do chomhthéacs. Más é an aidhm teanga amháin a chosaint, beidh sé tábhachtach an chéad sainmhíniú a mheas. Más é an aidhm atá leis muinín a mhéadú agus cumarsáid éifeachtach a choimeád ar fud grúpa cainteoirí, go háirithe i gcomhthéacs ilteangach, mar sin is iomchuí breathnú ar shaintréithe an dara sainmhínithe agus ar choincheap na hidirghabhála.

▶ Cé gur fealsúnacht chumhachtach oideolaíochta é an trasteangú atá feiliúnach do réimse leathan comhthéacsanna oideachais dátheangacha, aithnítear áfach, go gcaithfear a bheith airdeallach maidir lena chur i bhfeidhm i dtimpeallachtaí sochtheangeolaíochta agus oideachais ina bhfuil mionteanga i mbaol mar theanga phobail.

Ó Brocháin & Ó Ceallaigh, 2020, Ich. 185

## Trasteangú agus Scafláil

Mar a luadh thuas, tá neart fianaise ann a thacaíonn leis an nóisean go bhfuil tábhacht ag baint le cead a thabhairt do pháiste an chéad teanga nó a teanga is láidre a úsáid chun scafláil a dhéanamh ar an teanga is laige sa rang.



*Is ionann scafláil agus...droichead a úsáidtear chun forbairt ar a bhfuil ar eolas ag scoláirí cheana féin chun teacht ar rud éigin nach bhfuil ar eolas acu.*

Benson, 1997, Ich. 126

*Déanann scafláil mar mheafar sa teagasc agus san fhoghlaim cur síos ar chóras treorach sealadach a chuireann an múinteoir ar fáil don fhoghlaimoír, a fhorbraítear i gcomhpháirt, agus a bhaintear ansin nuair nach mbeidh sé de dhíth ar an bhfoghlaimoír a thuilleadh.*

Boblett, 2012, Ich. 1

*Baineann teagasc éifeachtach lena bhfuil ar eolas ag foghlaimoírí faoi ábhar cheana féin a thomhas agus bealaí a aimsiú chun cur leis an eolas sin.*


Gollub et al., 2002 in Cenoz & Gorter, 2021, Ich. 20

*Tá sé soiléir go bhfuil gá le teagmháil bhreisithe leis an teanga, ach tá fíorghá ann freisin le tógáil ar an méid atá ar eolas ag na páistí cheana féin...Déanann scoláirí nasc idir seanfhaisnéis agus faisnéis nua a fhaigheann siad. Tá sé mar aidhm ag an trasteangú treisiú a dhéanamh ar an bpróiseas sin.*

Cenoz & Gorter, 2021, Ich. 2

Le straitéisí trasteangaithe, cuirtear ar chumas na scoláirí eolas a úsáid i dteanga a d'fhéadfadh a bheith níos láidre dóibh (mar shampla, Béarla) agus an t-eolas sin a úsáid agus a phlé lena bpiaraí pé dóigh a n-oibríonn sé dóibh (trasteangú faoi stiúir na scoláirí), leis an aidhm píosa oibre a sholáthar ó bhéal nó i scríbhinn

sa Bhreatnais. Faoi stiúir múinteora, is féidir scoláirí a spreagadh le téarmaí, sainmhínithe, srl. a aistriú chun cuidiú leo an t-aschur a sholáthar i mBreatnais. Tagann na gnéithe sin den trasteangú go maith le teoiric shoch-chultúrtha Vygotsky agus le coincheap an Zóin Neasfhorbartha:




## Pointe Tagartha 8 An Zón Neasfhorbartha

*An t-achar idir leibhéal forbartha iarbhír páiste, is é sin a chumas nó a cumas fadhbanna a réiteach go neamhspleách, agus a leibhéal forbartha féideartha, is é sin an méid is féidir leis nó léi a bhaint amach faoi threoir duine fásta nó trí chomhoibriú le piaraí níos cumasaí*

Spencer, Edwards, Prys & Thomas, 2004, lch. 78

Go bunúsach, ba é seo a leanas an méid a bhí i gceist ag Vygotsky (1978) ina theoiric soch-chultúrtha :

An Zón Neasfhorbartha



Cé nár bhain Vygotsky é féin úsáid as an téarma 'scafláil', rinne roinnt taighdeoirí eile an méid a bhí i gceist aige laistigh den Zón Neasfhorbartha a nascadh le coincheap na scaflála.

D'fhéadfadh aon chineál cúnamh a bheith i gceist leis an gcúnamh atá ar fáil chun forbairt an pháiste a chur chun cinn, lena n-áirítear tacaíocht ó dhuine fásta/páiste níos cumasaí; uirlisí chun cuidiú le tuiscint; acmhainní ar leith srl.

I gcomhthéacs an trasteangaithe, ciallaíonn sé sin gur féidir leis an bpáiste, trí bheith ábalta an obair a phlé le duine eile – bíodh an duine sin níos cumasaí nó ná bíodh – leas a bhaint as scileanna a bhí acu roimhe seo i dteanga eile leis an obair a dhéanamh go barr a gcumais.

Mar an gcéanna, trí ligean do scoláirí a dteanga níos láidre a úsáid ó am go chéile, beidh rochtain ag an scoláire ar réamheolas (féach Cenoz & Gorter, 2021, lch. 19–20) – eolas atá ríthábhachtach d'fhorbairt intleachtúil. Tá foghlaim teanga an-chosúil le haon rud eile a fhoghlaim: agus an inchinn ag teacht ar fhaisnéis nua, bíonn an inchinn ábalta an píosa eolais sin a cheangal le heolas atá ann cheana féin agus eolas a leathnú – ag freastal ar fhaisnéis agus á comhshamhlú mar a déarfadh Piaget. Agus an dara teanga á foghlaim nó dhá theanga á bhforbairt ag an am céanna, is féidir leis an dátheangachas leas a bhaint as a chumas/cumas comparáid agus codarsnacht a dhéanamh – idir an dá theanga – focail, frásaí, fuaimeanna agus


struchtúir éagsúla, agus teacht ar dhifríochtaí sna bríonna a ghabhann leis na foirmeacha sin. Forbraíonn sé sin feacht ar fhairsinge na dteangacha – “cad iad teangacha, conas a oibríonn siad, conas a úsáidtear iad agus conas is féidir iad a fhoghlaim” (Paradowski, 2017, lch. 141) – dá dtagraítear sa litríocht mar scileanna meiteatheangeolaíocha – scileanna a imríonn tionchar láidir ar rath teangeolaíochta an pháiste níos déanaí (Carlisle, Beeman, Davis & Spharim, 1999).

Is féidir breathnú ar shamplaí eile den scafláil teanga sna hábhair thacaíochta do Churaclam Teanga na Bunscoile: [Primary Language Toolkit \(curriculumonline.ie\)](https://www.curriculumonline.ie/). Féach an treoirbhileog CLIL.

## Trasteangú agus solúbthacht chognaíoch

Tugann corpas fairsing litríochta le fios go mbíonn solúbthacht chognaíoch mar thoradh ar aistriú idir teangacha agus bainistiú a dhéanamh ar úsáid teanga.

### Pointe Tagartha 9: Buntáistí an dátheangachais: Scileanna feidhme feidhmiúcháin



- ▶ Bíonn an dá theanga ag an gcainteoir dátheangach 'casta air' (spreagtha go néareolaíoch) san inchinn i gcónaí.
- ▶ Caithfidh inchinn dhátheangach na gcainteoirí mais eolais chasta theangeolaíoch a eagrú, agus fios a bheith aici conas na gnéithe cuí a spreagadh agus an sprioctheanga á roghnú aici.
- ▶ Agus cainteoirí dátheangacha ag athrú ó chomhthéacs amháin go comhthéacs eile, bíonn siad ag aistriú de shíor ó mheán teanga amháin go teanga eile – ag éisteacht le teanga amháin, ag freagairt sa teanga eile; ag labhairt teanga amháin nóiméad amháin, teanga eile an chéad nóiméad eile, srl.
- ▶ Agus teanga amháin á labhairt, caithfidh an inchinn dhátheangach aithris a dhéanamh ar thréithe cuí na teanga sin agus cosc a chur ar ghnéithe cosúla den teanga nach sprioctheanga í a spreagadh.
- ▶ Cruthaíonn sé sin buntáistí do chainteoirí dátheangacha maidir le haird a bhainistiú, a roghnú, a ghníomhachtú agus a chosc, agus solúbthacht chognaíoch (féach – mar shampla, Thomas & Webb-Davies, 2017).

*Nuair a bhíonn daoine dátheangacha i mbun an taisc táirgthe is simplí fiú, ar nós ainm rud coitianta a labhairt i gceann amháin den dá theanga, tá fianaise ann go bhfuil an dá theanga gníomhach agus go mbíonn tionchar acu ar fheidhmiúcht*

Kroll, Bobb, Misra & Guo, 2008, lch. 416

Ar an iomlán, mar sin, tá roinnt fáthanna ann a bhfuil an trasteangú úsáideach. Is í an chéad cheist eile atá le cur san áireamh conas trasteangú a dhéanamh, agus cad iad na modhanna ba cheart a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla.

## Achoimre:

### Cén fáth gur chóir dúinn trasteangú?

- ▶ Le go n-oibreodh aon straitéis nó cleachtas trasteangaithe ar leith, ba chóir machnamh a dhéanamh ar na tosca comhthéacsúla sonracha a bhaineann leis an duine aonair/grúpa scoláirí/scoil/ceantar atá i gceist, lena aithint cad é an modh (na modhanna) trasteangaithe is oiriúnaí agus cad é an cuspóir leo.
- ▶ Forbraíonn trasteangú éifeachtach scileanna teanga, go háirithe sa teanga is laige, agus forbraíonn sé scileanna cognaíocha agus iad ag bogadh idir teangacha; scileanna, a mbíonn tuiscint níos doimhne agus níos iomláine ar an ábhar, tríd agus tríd, mar thoradh orthu.
- ▶ Tá an trasteangú fréamhaithe timpeall ar choincheapa láidre oideachais, is é sin scafláil agus úsáid réamheolais.
- ▶ Is modh é an trasteangú freisin chun scoláirí T1 agus T2 ó chúraí teanga éagsúla a chomhtháthú agus éascaíonn sé comhoibriú idir an baile agus an scoil trí úsáid sholúbtha an dá theanga.



# Conas trasteangú a dhéanamh

Is é an príomh-smaoineamh nach gcuirfear teanga amháin in áit teanga eile agus nach scafláil é an trasteangú chun aistriú ón mionteanga go dtí an teanga thromlaigh...Is é an smaoineamh atá ann ná acmhainní teanga an fhoghlaimeora a uasmhéadú mar ilteangach agus ábhair teanga agus acadúla a bhforbairt aige nó aici.

Cenoz & Gorter, 2021, lch. 24



## Samhlacha éagsúla an trasteangaithe

Tá samhlacha éagsúla trasteangaithe ann, ach tagann an chuid is mó díobh sin go maith le ceann amháin de dhá chatagóir: trasteangú acadúil agus trasteangú spontáineach. Cé gur féidir iad sin a chur in dhá chatagóir, áitíonn Cenoz agus Gorter (2021) nár cheart iad seo a mheas mar chatagóirí scoite; ina ionad sin, ba

cheart breathnú ar an dá chás mar bheith ar chontanam nuair is féidir úsáid a bhaint as tréithe an trasteangaithe spontáineach agus tasc acadúil trasteangaithe á chur i gcrích ar an mbealach céanna agus is féidir gnéithe den trasteangú acadúil a thabhairt isteach i gcás trasteangú spontáineach:

### Trasteangú Acadúil

#### Trasteangú oideolaíoch

Cenoz & Gorter (2017, 2020)  
(Williams, 1994; Baker 2001)

#### Trasteangú Cognaíoch Acadúil

Jones (2014)

#### Trasteangú faoi stiúir an mhúinteora

Jones & Lewis (2017)

#### Trasteangú oifigiúil

Williams (2003)

### Trasteangú Spontáineach

#### Trasteangú spontáineach

Cenoz & Gorter (2017, 2020)

#### Trasteangú Bunúsach Idirphearsanta

Jones (2014)

#### Trasteangú faoi stiúir an pháiste

Jones & Lewis (2017)

#### Trasteangú nádúrtha

Williams (2003)





Sainmhíodh trasteangú oideolaíoch mar chleachtas atá 'pleanáilte ag an múinteoir taobh istigh den seomra ranga agus is féidir tagairt a dhéanamh d'úsáid teangacha éagsúla le haghaidh ionchuir agus aschuir nó do straitéisí pleanáilte eile bunaithe ar úsáid acmhainní scoláirí ón stór teangeolaíoch iomlán

**Cenoz & Gorter, 2021, Ich. 17**

Tagraíonn trasteangú spontáineach d'fhírinne na húsáide dátheangaí i gcomhthéacsanna a tharlaíonn go nádúrtha ina bhfuil teorainneacha idir teangacha luaineach agus ag athrú de shíor

**Cenoz & Gorter, 2021, Ich. 18**



## Na príomhdhifríochtaí idir trasteangú acadúil agus trasteangú nádúrtha


Go bunúsach, comhfhreagraíonn trasteangú acadúil do Shainmhíneithe 1, 3 agus 4 i dtábla na sainmhíneithe ar thrasteangú faoi 'Cad is trasteangú ann?' thuas, agus comhfhreagraíonn trasteangú spontáineach do Sainmhíneithe 2 agus 4. Ós rud é go bhfuil an dá cheann ar chontanam, áfach, tá solúbthacht ann maidir leis na tréithe a spreagtar laistigh den dá cheann.

## Difríochtaí idir trasteangú Acadúil agus trasteangú Spontáineach

Trasteangú Acadúil	Trasteangú Spontáineach
<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Teastaíonn pleanáil an-chúramach lena chinntiú go n-úsáidfear na teangacha go cuí.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Is féidir leis tarlú gan aon phleanáil, ach is féidir é a áireamh mar chuid de phlean ceachta réamhshainithe.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Is gnách go gcaithfidh múinteoir a bheith i láthair, ach is féidir le scoláirí atá líofa sa dá theanga an obair a chríochnú gan idirghabháil an mhúinteora.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Ní chaithfidh múinteoir a bheith i láthair, cé go mbeadh treoir an mhúinteora úsáideach do chainteoirí nach bhfuil chomh muiníneach céanna i gcásanna áirithe.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ I gcás mionteanga cuireann sé deis ar fáil chun úsáid na teanga a rialú chun cleachtadh leordhóthanach ar an teanga is laige a chinntiú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Cuireann sé ar chumas cainteora úsáid a bhaint gach teanga atá aige nó aici gan an iomarca airde a thabhairt ar rialacha maidir le húsáid na teanga agus an obair á plé.</li> </ul>


## Trasteangu faoi stiúir an mhúinteora i gcomparáid le trasteangu faoi stiúir scoláirí (Jones & Lewis, 2014)

	Samhail trasteangaithe	Sampla
Faoi stiúir múinteora:	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Ciallaíonn trasteangú faoi stiúir múinteora gníomhaíocht a phleanálann an múinteoir d'aon ghnó do scoláirí dátheangacha ag a bhfuil cumais mheasctha.</li> <li>▶ Chun an tasc a chur in oiriúint do chumais éagsúla teanga, caithfidh an múinteoir iarracht a dhéanamh an gníomhaíocht trasteangaithe a scafláil trí, mar shampla, ábhair oiriúnacha léitheoireachta a roghnú agus frámaí scríbhneoireachta a sholáthar.</li> </ul>	<p>Rang ar Oideachas Reiligiúin do scoláirí 7 go 9 mbliana d'aois agus 9 go 11 bliana d'aois a bhí ina meascán de chainteoirí T1 agus de chainteoirí nua. Ba é an fhéile Hanukkah na nGiúdach ábhar an cheachta. Bhí bileog oibre i mBéarla ullmhaithe ag an múinteoir. Ba é an tasc ná fíricí bunaithe ar an mbileog a scríobh i mBreatnais. Chun é sin a dhéanamh, chuidigh an múinteoir leis na páistí an bhileog Bhéarla a léamh, agus ansin léirigh sé samhlacha de phatrúin abairtí don tasc scríbhneoireachta, ag ullmhú modhanna scaflála do na cainteoirí nua.</p>
Faoi threoir scoláirí	<ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Tarlaíonn trasteangú faoi stiúir scoláirí nuair a bhíonn na scoláirí ina gcainteoirí cumasacha agus nuair a roghnaíonn siad conas a scileanna teanga a eagrú agus faisnéis á fáil agus á soláthar acu.</li> <li>▶ Mar a thug Jones (2017) le fios, téann an tsamhail seo níos faide ná sainmhíniú bunaidh Williams nuair a aithníonn sé go socraíonn na scoláirí conas tascanna trasteangaithe dhéanamh seachas treoracha an mhúinteora a leanúint uaireanta freisin.</li> <li>▶ Bíonn na gníomhaíochtaí trasteangaithe faoi smacht na scoláirí agus mar sin déantar iad ar bhealach níos neamhspleáiche. Bíonn an tsaoirse acu conas an tasc a chur i gcrích a roghnú. Tá sampla den tsamhail sin in úsáid in Jones (2017).</li> <li>▶ Tugann Jones (2010) aird, áfach, nach mór a bheith cúramach agus machnamh á dhéanamh againn faoi cén uair agus cén dóigh ar cheart samhlacha éagsúla a úsáid, ag áitiú go n-oibríonn an trasteangú faoi stiúir scoláirí níos fearr do scoláirí ar cainteoirí iad a bhfuil an dá theanga acu go cothrom. I gcás ina bhfuil teanga amháin i bhfad níos láidre ná an teanga eile don scoláire, tá an baol ann go bhféadfadh cóipeáil focal ar fhocal a bheith mar thoradh ar thrasteangú faoi stiúir scoláirí gan an t-ábhar a thuiscint go hiomlán (Jones, 2017).</li> </ul>	<p>Ceacht staire i rang páistí 9 go 11 bhliain d'aois, T1 agus T2 arbh cainteoirí a labhair an dá theanga go cothrom. Ba é topaic an cheachta nósanna itheacháin mhuintir na Clochaoise, agus bhí eolas i mBéarla faighte ag na scoláirí ó chuardach an idirlín, ag úsáid scileanna éisteachta agus léitheoireachta chun an t-eolas a phróiseáil. Taifeadadh na torthaí i mBreatnais, ag baint úsáid as téarmaí Breatnaise gan úsáid a bhaint as foclóir. Cuireadh na torthaí i láthair an ranga i mBreatnais.</p>





Le gach modh trasteangaithe, is féidir leideanna trasteangaithe a úsáid (Jones & Lewis, 2014) chun úsáid na teanga is laige atá ag an bpáiste a scafláil lena chinntiú go ndéanfar an ghníomhaíocht sa sprioctheanga – mar shampla, trí chuidiú leis an bpáiste freagraí cuí a chumadh i mBreatnais nó teimpléad de struchtúir abairtí cuí a dhréachtú. Is féidir leis sin tarlú leis an múinteoir nó le scoláire eile a bhfuil scileanna níos láidre aige nó aici sa teanga (féach scafláil agus Pointe Tagartha 8).



## Pointe Tagartha 10: Leideanna trasteangaithe

*...eolas faoi úsáid teanga sa seomra ranga arna chur ar fáil ag an múinteoir.*  
**Jones, 2017, lch. 208**

Cuimsítear i leideanna trasteangaithe aon chuidiú a chuireann an múinteoir ar fáil lena chinntiú gur féidir leis an scoláire riachtanais an tasc a chomhlíonadh agus an t-aschur a sholáthar sa sprioctheanga. Mar shampla, d'fhéadfaí go n-éireodh le tasc scríofa Breatnaise ag brath ar thuiscint shoiléir agus úsáid chuí théarmaí na n-ábhar sa Bhreatnais. Agus bileog de théarmaí dátheangacha á cruthú lena cur leis an tasc, cruthaíonn an múinteoir tascanna trasteangaithe – ag tabhairt lámh chúnata chun cuidiú leis an tasc a phlé (tuiscint ar na téarmaí a fhorbairt trí na téarmaí sa dá theanga a chur i gcomparáid

agus i gcodarsnacht lena chéile) agus an obair scríofa a sholáthar sa Bhreatnais.

I gcomhthéacs an trasteangaithe acadúil nó spontáinigh sa rang, is féidir leideanna trasteangaithe a bheith ann trí ábhair a sholáthar roimh ré, amhail liosta téarmaí nó frámaí comhréire, nó ó bhéal de réir mar a spreagann an múinteoir aistriú teanga ón bplé Béarla/dátheangach go dtí an tasc a chríochnú i mBreatnais gan cosc a chur ar úsáid an Bhéarla go díreach:

*...tá leideanna ag teastáil sa trasteangú chun aistriú teanga a spreagadh*  
**Cenoz & Gorter, 2021, lch. 4**

*...d'fhéadfadh cur chun cinn an trasteangaithe scoláirí a spreagadh go héasca chun díriú níos mó ar an teanga thromlaigh (Béarla). Chun spás a chruthú don Bhreatnais i seomraí ranga dátheangacha, cuireann an múinteoir leideanna trasteangaithe i láthair chun úsáid na mionteanga (Breatnais) a chosaint.*

**Jones, 2017, lch. 213**

## Trasteangú don teagasc agus don fhoghlaim i gcomparáid leis an trasteangú gan aon sainchuspóir oideachais

Laistigh den seomra ranga, is féidir sraith eile trasteangaithe a bheith ann, is é sin trasteangú gan aon sainchuspóir oideachais (Trasteangú Bunúsach Idirphearsanta – BIT) agus trasteangú don teagasc agus don fhoghlaim (Trasteangú Acadúil Cognaíoch – CAT) (Jones, 2017). Cé go dtarlaíonn an dá chineál ag an tráth

céanna go nádúrtha sa rang, tá sé ríthábhachtach go bhfaigheadh múinteoirí deiseanna trasteangaithe a thabhairt do na scoláirí i gcomhthéacsanna oideachais (maidir le píosa oibre/faisnéise ar leith) agus i gcomhthéacsanna neamhoideachais (i gcaidreamh pearsanta).

### Leideanna planála

Dar le García, Ibarra Johnson agus Seltzer (2017) tá trí shraith ag baint le trasteangú rathúil, a fhreagraíonn go garbh do dhearcadh, planáil agus solúbthacht (féach Cenoz & Gorter, 2021, lch. 11 agus Singleton & Flynn, 2021, lgh. 8–9):

Dearcadh	Planáil	Solúbthacht
Creideamh daingean go bhfuil a áit ag an trasteangú éifeachtach sa seomra ranga – gur acmhainní iad na cleachtais teanga spontáineacha a atá ag na scoláirí dátheangacha a bhféadfaí leas a bhaint astu	Gníomhaíochtaí, cleachtaí agus tascanna a phleanáil d'aon ghnó chun teanga an ionchuir agus an aschuir a athrú, agus chun deiseanna a thabhairt chun plé a dhéanamh go dátheangach	Bheith sásta oiriúint a dhéanamh céim ar chéim bunaithe ar riachtanais an scoláire (scoláirí) agus riachtanais an taisc (e.g. an sprioctheanga)

▶ Is féidir ceachtanna a ullmhú agus a phleanáil trí leas a bhaint as straitéis trasteangaithe go mion, arna beachtú chun díriú ar ghnéithe éagsúla den tasc céanna. Mar shampla, i ranganna d'aoiseanna difriúla agus rang cainteoirí dátheangacha T1 agus T2, d'fhéadfaí tascanna an cheachta a éagsúlú freisin, rud a chuirfeadh ar chumas na bpáistí is sine a bhfuil máistreacht níos fearr acu ar an dá theanga a gcuid gníomhaíochtaí a leathnú, oibriú go neamhspleách agus a gcuid oibre a leathnú (mar shampla, féile Hanukkah a chur i gcomparáid leis an Nollaig i gcás an tsampla thuas), trí úsáid a bhaint as ábhair scríofa eile i mBéarla sula ndéanfar na torthaí a thairgeadh ar ríomhaire sa Bhreatnais.

▶ Tá an cumas sin chun ábhair a oiriúnú de réir cumais tábhachtach, ag cur san áireamh éagsúlacht na gcomhthéacsanna teangeolaíochta atá i ngach cuid den Bhreatain Bheag nó i do chomhthéacs sochtheangeolaíoch féin. Is féidir leis an ngaol idir an Bhreatnais mar mhionteanga agus an Béarla mar theanga thromlaigh tionchar fabhrach (trí scileanna dátheangacha na bpáistí a threisiú) nó neamhfabhrach (trí shrian a chur le forbairt na Breatnaise) a imirt ar chumas teanga na bpáistí agus ar a mbraistintí ar an dá theanga, mura bhfuil cothromaíocht na teanga oiriúnach don chomhthéacs. Is dea-chleachtas é, mar sin, breathnú ar an gcothromaíocht idir an dá theanga sa duine aonair, idir an dá theanga sa rang agus laistigh den mhórphobal, chun planáil straitéisí oiriúnacha trasteangaithe a éascú.

▶ Tá sé tábhachtach go gcuirfí leideanna trasteangaithe (scafláil) ar fáil chun úsáid na Breatnaise a spreagadh, lena chinntiú go bhforbrófar an Bhreatnais agus tasc á dhéanamh acu, agus chun neart deiseanna a thabhairt do na páistí machnamh a dhéanamh ar conas iad féin a chur in iúl go hiomlán sa sprioctheanga. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin brí an fhocail agus a fhoirm a chomhcheangal i dteanga amháin agus an t-eolas sin a aistriú go dtí an teanga eile (mar shampla, pléigh an bhrí le céatadán – cuid de chéad – sa Bhreatnais agus ansin pléigh an focal 'percent' i mBéarla – Jones, 2017) agus an ceangal idir an focal 'céad' agus 'céatadán' sa Ghaeilge. (Féach ar na gníomhaíochtaí faoi Do chuid scileanna aistrithe teanga ar leathanach 11.). I roinnt scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta, cuirtear fógra ar bharr an tseomra ranga don cheacht teanga. Ar thaobh amháin, tá siombail éigin chun an Ghaeilge a chur in iúl (focail Ghaeilge, mar shampla) agus ar an taobh eile, tá siombail éigin chun an Béarla a chur in iúl (grianghraif de Harry Potter nó focail Bhéarla mar shampla). Bíonn an fógra ar crochadh ar bharr an ranga agus is féidir le páistí féachaint air le cinntiú cén teanga ina mbeidh siad ag labhairt, ag léamh nó ag scríobh.

▶ Ba cheart dóthain spáis agus ama a lorg don Bhreatnais, agus é mar aidhm úsáid chomhionann nó níos minice ná an Béarla a spreagadh (Cenoz & Gorter, 2021) trí leideanna trasteangaithe a úsáid.



# Léitheoireacht Mholta

Más maith leat níos mó a fhoghlaim faoin trasteangú agus faoina ról san oideachas dátheangach nó mionteangacha, molaimid na leabhair seo a leanas:

*Foundations of Bilingual Education and Bilingualism (7th eagr.)*

*Baker, C. R. & Wright, W. (2021). Bristol: Multilingual Matters.*

*Pedagogical Translanguaging. Cambridge Elements Language Teaching.*

*Cenoz, J. & Gorter, D. (2021). Cambridge: CUP.*

*Bilingual Education in the 21st Century: Global Perspective*

*García, O. (2009). Malden/Oxford: Wiley/Blackwell.*



# Saothair a Ceadaíodh

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2019). *Curaclam teanga na bunscoile. Scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge*. Údar. [PLC-Document\\_Irish.pdf \(curriculumonline.ie\)](#)

Antoniou, M. (2019). The advantages of bilingualism debate. *Annual Review of Linguistics*, 5, 395–415.

Baker, C. (2001). *Foundations of bilingual education and bilingualism* (3rd ed.). Multilingual Matters.

Baker, C. (2003). Bilingualism and transliteracy in Wales: Language planning and the Welsh national curriculum. In N. Hornberger (Eag.), *Continua of Bilingualism*. (pp.71-91) Multilingual Matters.

Baker, C. (2006). *Foundations of bilingual education and bilingualism* (4th ed.). Multilingual Matters.

Baker, C. (2011). *Foundations of bilingual education and bilingualism* (5th ed.). Multilingual Matters.

Baker, C. R. & Wright, W. (2021). *Foundations of bilingual education and bilingualism*. (7th ed.). Multilingual Matters.

Benson, B. K. (1997). Scaffolding. *English Journal*, 86(7), 126–127.

Bialystok, E. (2020). Null results in bilingualism research: What they tell us and what they don't. *Journal of Multilingual Theories and Practices*, 1(1), 8–22. <https://doi.org/10.1558/jmtp.1710>

Bomblet, N. (2012). Scaffolding: Defining the metaphor. *Teachers College Columbia University Working Papers in TESOL & Applied Linguistics*, 12(2), 1–16.

Branchadell, A. (2011). Minority languages and translation. In Y. Gambier & L. Van Doorslaer (Eagí.) *Handbook of Translation Studies* (pp. 97–101). Amsterdam: John Benjamins.

British Educational Research Association, Royal Society of Arts (BERA-RSA) (2014). *Research and the teaching profession: Building the capacity for a self-improving education system*. <https://www.bera.ac.uk/project/research-and-teacher-education>

Carlisle, J. F., Beeman, M., Davis, L. H., & Spharim, G. (1999). Relationship of metalinguistic capabilities and reading achievement for children who are becoming bilingual. *Applied Psycholinguistics*, 20(4), 459–478.

Cenoz, J., & Gorter, D. (2017). Minority languages and sustainable translanguaging: threat or opportunity?, *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 38(10), 901–912.

Cenoz, J. & Gorter, D. (2020). Pedagogical translanguaging: An introduction. *System*, 92. DOI: 10.1016/j.system.2020.102269

Cenoz, J. & Gorter, D. (2021). *Pedagogical translanguaging. Cambridge elements language teaching*. Cambridge University Press.

Chaney, C. (1992). Language development, metalinguistic skills, and print awareness in 3-year-old children. *Applied Psycholinguistics*, 13(4), 485–514.

Cook, V. (2000). *Second language and language teaching*. Foreign Language Teaching and Research Press and Edward Arnold Ltd.

Creese, A., Blackledge, A., & Hu, R. (2018). Translanguaging and translation: the construction of social difference across city spaces. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 21(7), 841–852.

Cummins, J. (2007). *Rethinking the monolingual instructional strategies in multilingual classrooms. The Canadian Journal of Applied Linguistics*, 10, 221–240. <https://journals.lib.unb.ca/index.php/CJAL/article/view/19743>

Cummins, J. (2017). Teaching for transfer in multilingual school contexts. In O. Garcia, A. Lin & S. May (Eagí.), *Bilingual Education: Encyclopedia of Language and Education* (vol. 5) (pp.103–105). Springer.

Department of Education and Science. (2017). *Languages connect. Ireland's strategy for foreign languages in education 2017–2026*. Dublin. 279116\_5a5cb48b-09e1-464e-9a2e-4ff231cb090b.pdf

Dunne, C. M. (2015). *Becoming a teacher of Irish: The evolution of beliefs, attitudes and role perceptions* (Unpublished doctoral dissertation). Trinity College Dublin, Ireland.

Estyn (2014). *Linguistic progression and standards of Welsh in ten bilingual schools*. [https://www.estyn.gov.wales/system/files/2020-07/Linguistic\\_progression\\_and\\_standards\\_of\\_Welsh\\_in\\_ten\\_bilingual\\_schools\\_-\\_November\\_2014.pdf](https://www.estyn.gov.wales/system/files/2020-07/Linguistic_progression_and_standards_of_Welsh_in_ten_bilingual_schools_-_November_2014.pdf)

Galante, A. (2020). Pedagogical translanguaging in a multilingual English program in Canada: Student and teacher perspectives of challenges. *System*, 92.

García, O. (2009). *Bilingual education in the 21st century: Global perspectives*. Wiley/Blackwell.

García, O. & Li, Wei. L. (2014). *Translanguaging: language, bilingualism and education*. Palgrave Macmillan.

García, O., Ibarra Johnson, S. & Seltzer, K. (2017). *The translanguaging classroom*. Caslon.

Hickey T. (2009). Codeswitching and borrowing in Irish. *Journal of Sociolinguistics*, 13, 670–688.

Jacobson, R. & Faltis, C. (ed.). (1990). *Language distribution issues in bilingual schooling*. Multilingual Matters.

Jones, M. D. (1972). *Termau iaith a llên*. Gwasg Gomer.

Jones, B., & Lewis, G. (2014). *Language arrangements within bilingual education. In E. M. Thomas & I. Mennen (Eagí.), Advances in the study of bilingualism* (pp. 143–172). Multilingual Matters.

Jones, B. (2017). Translanguaging in bilingual schools in Wales. *Journal of Language, Identity and Education*, 16(4), 199–215.

Krashen, S. D. & Terrell, T. D. (1983). *The natural approach: Language acquisition in the classroom*. Prentice Hall Europe.

Kroll, J. F., Bobb, S. C., Misra, M., & Guo, T. (2008). Language selection in bilingual speech: Evidence from inhibitory processes. *Acta Psychologica*, 128(3), 416–430.

Lehto, J. E., Juujärvi, P., Kooistra, L. & Pulkkinen, L. (2003). Dimensions of executive functioning: Evidence from children. *British Journal of Developmental Psychology*, 21, 59–80.

Leonet, O., Cenoz, J., & Gorter, D. (2020). Developing morphological awareness across languages: translanguaging pedagogies in third language acquisition. *Language Awareness*, 29(1), 41–59.

Nic Réamoinn, S. (2022). *"Bee-Bot only speaks Irish." A sociocultural investigation of the use of programmable floor robots for second language learning and developing computational thinking skills in the early years of primary school*. Unpublished PhD dissertation. Trinity College Dublin .

Duibhir, P. O., & Cummins, J. (2012). *Towards an integrated language curriculum in early childhood and primary education (3 - 12 Years): Commissioned Research Report*. NCCA.

Ó Laoire, M. (2007). An approach to developing language awareness in the Irish language classroom: A case study, *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 10(4), 454–470.

Welsh Government/ Llywodraeth Cymru (2022). *Cwricwlwm ar gyfer lleoliadau meithrin a ariennir nas cynhelir/ Curriculum for funded non-maintained nursery settings*. Caerdydd/Cardiff.

Lewis, W. G., Jones, B., & Baker, C. R. (2012). Translanguaging: Developing its conceptualisation and contextualisation. *Education Research and Evaluation*, 18, 655–670.

Lewis, W. G., Jones, B., Baker, C. (2013). 100 bilingual lessons: Distributing two languages in classrooms. In C. Abello-Contesse, P. M. Chandler, M. D. Lopez-Jimenez, & R. Chacon-Beltran (Eagí.) *Bilingual and multilingual education in the 21st century* (pp.107–135). Multilingual Matters.

Mohanty, A. K. (2019). *The multilingual reality: Living with language*. Multilingual Matters.

Moriarty, M. (2017). Developing resources for translanguaging in minority language contexts: A case study of rapping in an Irish primary school, *Language, Culture and Curriculum*, 30(1), 76–90.

Ó Brolcháin, C. (2017). Oideolaíocht an trasteangaithe i mbunscoileanna na hÉireann: Páipéar seasaimh ar a poitéinseal i gcomhthéacsanna áirithe. *Léann Teanga An Reiviú*, 89–99.

Ó Ceallaigh, T.J. agus Ó Brolcháin, C. (2020). Trasteangú san oideachas lán-Ghaeilge: Deiseanna agus dúshláin, *Taighde agus Teagasc* 7, lgh. 155–170.

Ó Laoire, M., and Harris, J. (2006). *Language and literacy in Irish-medium primary schools: Review of literature*. National Council for Curriculum and Assessment.

Otheguy, R., García, O., & Reid, W. (2015). Clarifying translanguaging and deconstructing named languages: A perspective from linguistics. *Applied Linguistics Review*, 6, 281–307.

Paradowski, M.B. (2017). *M/Other tongues in language acquisition, instruction, and use*. University of Warsaw.

Singleton, D. & Flynn, C. J. (2021). Translanguaging: a pedagogical concept that went wandering. *International Multilingual Research Journal*, 16(2), 136–147.

Siôn, C. G. (2021). *Trawsieithu yn y pynciau STEM: canfyddiadau athrawon y gwyddorau o drawsieithu fel gwyddor yn yr ystafell ddosbarth*. Traethawd MA.

Spencer, Ll. H., Edwards, M., Prys, D. & Thomas, E. (2004). *Geiriadur termau seicoleg*. Prifysgol Bangor.

Sun, L., Ruokamo, H., Siklander, P., Li, B. & Devlin, K. (2021). Primary school students' perceptions of scaffolding in digital game-based learning in mathematics. *Learning, Culture & Social Interaction*, 28, 1–11.

Thomas, E. M. & Webb-Davies, P. (2017). *Agweddau ar ddwyieithrwydd*. Coleg Cymraeg Cenedlaethol.

Thomas, E.M., Lloyd-Williams, S. W., Parry, N.M., Gruffudd, G.S., Parry, D., Williams, G.M., Jones, D., Hughes, S., Evans R.A., & Brychan, A. (2021). *Assessing Welsh during the Covid-19 pandemic: challenges and support for non-Welsh-speaking households*. Welsh Government.

Vygotsky, L. S. (1978). *Mind in society: The development of higher psychological processes*. Cambridge. Harvard University Press

Williams, C. (1994). *Arfarniad o ddulliau dysgu ac sddysgu yng nghyd-destun addysg uwchradd ddwyieithog*. Unpublished Doctoral Thesis: Bangor University.

Williams, C. (2003). *Learning in two languages. Dysgu mewn dwy iaith*. University of Wales Bangor.



# Trasteangú sa seomra ranga

Treoir mhearthagartha d'oidoirí

Enlli Môn Thomas, Cadi Gwen Siôn, Bryn Jones, Siân Lloyd-Williams, Morgan Dafydd,  
Rhian Tomos, Lowri Mair Jones, Delyth Jones, Gwawr Maelor, Rhodri Evans agus Gareth Caulfield